

Dublin Institute for Advanced Studies

Annual Report 2017

Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath

Tuairisc Bhliantúil 2017

DIAS
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath
Dublin Institute for Advanced Studies

CONTENTS

CLÁR

2017

DIAS AT A GLANCE

OUR TEAM

Overview Profile



Administration[1]

Research[2]

[1] *Administration + General Technical Support*
[2] *Research + Specialist Technical Support*

Origin of Researchers



Non-EU

EU

Note: Total number of countries = 22

Scholars

Rest of world
75%

Ireland
25%

Fellows/Project Staff

Rest of world
73%

Ireland
27%

Gender



OUR FINANCIAL RESOURCES

Funding Sources

Oideachais agus Scileanna | Department of Education and Skills

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Geological Survey Ireland
Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann

Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil
Department of Communications, Climate Action & Environment

IRISH RESEARCH COUNCIL
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn

Marine Institute
Foras na Mara

sfi Science Foundation Ireland

European Commission

esa

Funding Expenditure

€6.57m
Oireachtas Grant (Department of Education and Skills)

€2.2m
Other Sources

OUR PARTNERS

Island of Ireland Collaborations

NUIG	DIT
TCD	WIT
UCD	AIT
UCC	Irish Astronomical Society
DCU	The Discovery Programme
NUIM	Armagh Planetarium
RIA	National Library of Ireland
QUB	IT Tallaght
UL	IT Tralee

Individual Research Associates



International Research Visitors

115 Research Visitors from **20** Countries

2017

DIAS AT A GLANCE 2017

OUR INTERNATIONAL RESEARCH COLLABORATIONS*



EUROPEAN AND GLOBAL INFRASTRUCTURE PARTICIPATION

esa

H.E.S.S.

RadioNet

EPOS EUROPEANPLATEOBSERVINGSYSTEM

*Project based, does not include European and global infrastructure partners.

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá sé de phribhléid agam an Réamhrá a sholáthar do thuarascáil bhliantúil DIAS do 2017. Molaim daoibh léamh tríd an tuarascáil fíorshuimiúil seo. Gan amhras, beidh sibh an-tógtha leis an raon leathan de thaighde socheolaíochta agus eolaíochta a rinne na baill inár dtrí Scoil – an Léann Ceilteach, an Fhisic Chosmach agus an Fhisic Theoiriciúil. Gabhaim buíochas ó chroí leis na scoileanna, le baill an Bhoird a thug a gcuid ama chomh fhaithiúil sin agus le foireann DIAS a sholáthraíonn tacaíocht leanúnach. Tá scóip a ngníomhaíochtaí, i dtéarmaí taighde, foilseachán, comhoibrithe agus for-rochtana poiblí, príomhthopaicí straitéiseacha do DIAS, an-suntasach go deo.

Sa Ráiteas beag seo ní féidir lioma ag tagairt a dhéanamh do roinnt de na tograí agus gníomhaíochtaí eile a rinneadh i rith na bliana eachtaí seo. Tá tuillleadh mionsonraí ar fáil i dtuairiscí na Scoileanna aonair.

Áirítear i dtuarascáil bhliantúil 2017 an rannóg nua Roghbhlúirí, ina luaitear cuid de bhuaicphointí na bliana. Toasíonn Toghbhlúirí leis an bhfoilseachán *Córus Bésgnai – 'An Old Irish Law Tract on the Church and Society'*, in eagar an an Ollamh Liam Breatnach. I rith na bliana, lean Scoil an Léinn Cheiltigh den mhéadú ar thuiscint agus meas ar ár dtraidisiúin fileolaíochta agus teangeolaíochta Ceilteacha.

Tugann Scoil na Fisice Cosmaí agus Scoil na Fisice Teoiriciúla araon tuairisc ar 'eachtra eolaíochta na bliana'. B'í seo an brath de chumasc neodrónréalta i dtonnta mtharraingteacha agus an brath ina dhiaidh sin d'astú leictreamaighnéadach. Teistíméireacht ar ár gcáil sa réimse is ea go bhfuilimid páirteach san fhoireann 3,500 eolaí sa togra mór HESS seo. Sa bhliain 2017 rinneadh an stáisiún LOFAR i mBiorra, Contae Uíbh Fhailí a chomhtháthú sa líonra Eorpach LOFAR. Leanann Roinn na Geoifisice de thionchar a bheith aige ar phríomhréimsí an taighde idirnáisiúnta, ag forbairt agus ag cur i bhfeidhm samhlacha anailíseacha nuálaíocha a thugann léargas nua dúinn ar phróisis na cruinne.

Dr. Eucharia Meehan with Prof. Dervilla Donnelly (Chair of Friends of DIAS and former Chairman of DIAS Council)

Dr. Eucharia Meehan leis an tOllamh Dervilla Donnelly (Cathaoirleach Cairde DIAS agus iar-Chathaoirleach Chomhairle DIAS)

Is é an comhoibriú is mó a thiomáineann dul chun na linne seo san eolaíocht. Mar sin, tá baill DIAS as a bheith ag obair i ndlúthchomhair le heagraíochtaí amhail Institiúid Réalteolaíochta Max Planck, an Institut de Planétologie et d'Astrophysique agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa. Leanfaimid den dlúthchomhar le HESS agus táimid ag tnúth leis an dáta nua leis an Teileascóp Spáis James Webb a láinseáil in 2019. Gné shuntasach eile sa bhliain ab ea óstáil an chéad chruinnithe Oll-Réaltaí ag DIAS.

Táimid bródúil freisin as ár ndlúthchaidreamh le hOllscoileanna na hÉireann. Buaiscphointe suntasach an ea léacht O'Raifeartaigh a thug Fabian Essler ó Oxford, ar an ábhar '*Quantum Master Equations and Integrability*' ag an gcruinniú de chuid an Irish Quantum Foundation, a d'eagraigh DIAS agus Ollscoil Mhá Nuad, Coláiste na Tríonóide BÁC agus an Coláiste Ollscoile, BÁC i gcomhar lena chéile.

Chairman's Statement

It is my privilege to provide the introductory statement to the DIAS annual report for 2017. I invite you to read through this engaging annual report. Undoubtedly, you will be highly impressed by the wide range of the socio-scientific research delivered by the members of our three Schools – Celtic Studies, Cosmic Physics and Theoretical Physics. I wholeheartedly thank the schools, the Board members who give their time so generously and the DIAS staff who provide continuing support. The scope of their activities, in terms of research, publications, collaboration and public outreach, key strategic topics for DIAS, is highly impressive.

In this short Statement I can only allude to some of the projects and other activities that were undertaken during this eventful year. The individual School reports provide further detail.

The 2017 annual report includes the new Snapshots section, featuring some of the highlights of the year. Snapshots commences with the publication, Córus Bésgnai – 'An Old Irish Law Tract on the Church and Society', edited by Professor, Liam Breatnach. In the course of the year, the School of Celtic Studies continues to deepen understanding and appreciation of our fascinating Celtic philological and linguistic traditions.

Both the School of Cosmic Physics and the School of Theoretical Physics report on the 'science event of the year'. This was the detection of a neutron star merger in gravitational waves and the subsequent detection of electromagnetic emission. To be part of the team of 3,500 scientists engaged in this major HESS project is a testament to our reputation in the field. 2017 also saw the integration of LOFAR station at Birr, County Offaly into the European LOFAR network. Geophysics continues to influence key areas of international research, developing and applying innovative analytical models that present us with new insights into Earth processes.

Professor Vincent Cunnane, Chairman of Council and Cecil Keaveney who retired as Registrar in June 2017

An tOllamh Vincent Cunnane, Cathaoirleach na Comhairle agus Cecil Keaveney a d'éirigh as a phost mar Chláraitheoir i mí Meitheamh

Collaboration is the key driver to modern scientific progress. DIAS members are proud to work closely with organisations such as the Max Planck Institute of Astronomy, the Institut de Planétologie et d'Astrophysique and the European Space Agency. We continue close cooperation with HESS and look forward to the new date for the launch of the James Webb Space Telescope in 2019. Another significant feature of the year was the DIAS hosting of the first Massive Stars meeting. We are also proud of our close liaison with Irish Universities. The O'Raifeartaigh lecture presented by Fabian Essler from Oxford, on 'Quantum Master Equations and Integrability' was an outstanding highlight at the Irish Quantum Foundation meeting, jointly organised by DIAS, Maynooth, TCD and UCD.

We continue to focus on our outreach objective and our ambition to contribute to education and public engagement. Last year I stressed our need to improve the depth and breadth of our exposure to the wider public. We are grateful to those groups and individuals who assist in these endeavours. The Irish Astronomical Society provides ongoing support with public open nights and other events held at our Dunsink Observatory. The Observatory is now a recognised focal location of many school and Citizen Science events.

Ráiteas an Chathaoirligh (ar lean)

Leanaimid de dhíriú ar ár gcuspóir for-rochtana agus ar ár n-uaillmhian le cur le hoideachas agus le rannpháirtíocht an phobail. Anuraidh leag mé béim ar ár ngá le feabhas a chuar ar dhoimhne agus leithead ár nochtadh don phobal i gcoitinne. Táimid buíoch as na grúpaí agus na daoine aonair sin a chuidíonn sna hiarrachtaí sin. Cuireann Cumann Réalteolaíochta na hÉireann tacaíocht leanúnach ar fáil le hóicheanta poiblí oscailte agus imeachtaí eile a eagraítear inár Réadlann i nDún Sinche. Is ionad lárnach aitheanta anois í an Réadlann do neart imeachtaí scoile agus Eolaíochta Sluafhoinsithe.

Leanadh den bhfás ar thionchar poiblí i rith na bliana. Bhí rath iontach arís ar an Scoil Samhraidh tríbhliantúil. Tugann an togra *Irish Script on Screen* (ISOS) nuashonruithe anois ar Twitter agus fuair an suíomh gréasáin breis agus 6.4 milliún amas in 2017. Cuireadh fáilte an-mhór roimh an léacht phoiblí a thug Enrico Barausse, Páras ar *"The sound of the Universe: detecting gravitational waves in space with LISA"* ag an gcruinniú IQF.

Níl anseo ach samplaí agus molaim duit na tuairiscí ó na Scoileanna aonair a léamh. Tugann siad mionsonraí fíor-spéisiúla ar ár dtograí taighde agus ar ghníomhaíochtaí eile. Tugann a leabharliostaí cur síos soiléir ar raon na bhfoilseachán a cuireadh ar fáil i rith na bliana agus ar stádas an n-irisí ina bhfoilsítear ár saothar.

Tá áthas orainn le ceapachán an Dr Eucharia Meehan mar Chláraitheoir agus POF. Mar thacaí taighde le taithí ceannaireachta den scoth, cinnteoidh sí go méadofar stádas poiblí mórthaibhseach DIAS. Guíonn muid go léir blianta scoir fhada agus torthúil ar Checil Keaveney agus gabhann muid buíochas leis as a chuid oibre, gan staonadh, mar ár iar-Chláraitheoir.

Ba mhaith linn comhghairdeas a dhéanamh lenár iar-(Chathaoirleach Chomhairle DIAS), an tOllamh Dervilla Donnelly, as Bonn Cunningham ó Acadamh Ríoga na hÉireann a fháil.

Comhgháirdeas leis an tOll. Chris Bean agus an tOll. Felix Aharonian a toghadh ar an Academia Europaea.

Deinimís comhbhrón ar bhás an Dr TK Whitaker a bhí mar Chathaoirleach ar Chomhairle na hInstitiúide ó 1980 go 1995 agus mar bhall de Bhord Rialúcháin Scoil an Léinn Cheiltigh ó 1971 go 1980.

Tá tagairt déanta agam d'ábharthacht agus tábhacht an chomhoibrithe agus ní mór dom mo bhuíochas a ghabháil le baill idirnáisiúnta a thugann an méid sin ama d'ár n-iarrachtaí. Táimid ag tnúth le todhchaí de dhul chun cinn leanúnach de réir mar a chuirimid ár straitéis nua i bhfeidhm agus leanaimid d'ár n-oidhreacht agus d'ár dtodhchaí a fhiosrú.

An Dr. Vincent Cunnane,
Chairman

Chairman's Statement (continued)

Students carrying out research at Dunsink Observatory.
Mic léinn i mbun taighde i Réadlann Dhún Sinche.

Public impact continued its growth during the year. The triennial Summer School was, yet again, a great success. The Irish Script on Screen (ISOS) project now provides current updates on Twitter with the website receiving more than 6.4 million hits in 2017. The public lecture delivered by Enrico Barausse, Paris, on "The sound of the Universe: detecting gravitational waves in space with LISA" at the IQF meeting was very well received.

These are only some examples and I encourage you to read the individual School reports. They offer intriguing detail on our research projects and other activities. Their bibliographies vividly illustrate the range of publications delivered during the year and status of the journals in which our work is published.

We are delighted with the appointment of Dr. Eucharia Meehan as our Registrar and CEO. A research advocate with an outstanding leadership record, we know that she will ensure that DIAS enhances its already impressive public status. We all wish Cecil Keaveney a long and fruitful retirement and thank him for his tireless work as our former Registrar.

We would like to congratulate our former Chairman of DIAS Council, Professor Dervilla Donnelly, on receipt of the Cunningham Medal from the Royal Irish Academy.

Congratulations are also extended to Prof. Chris Bean and Prof. Felix Aharonian on their election to Academia Europaea.

We regret the passing of Dr TK Whitaker who was Chair of Council at DIAS from 1980 to 1995 and was also a member of the Governing Board of the School of Celtic Studies from 1971 to 1980.

I have alluded to the relevance and importance of collaboration and I feel bound to express my gratitude to international members who give so much time to our endeavours. We look forward to a future of ongoing progress as implement our new strategy and continue to explore our heritage and our future.

Dr. Vincent Cunnane,
Chairman

2017

CONNECTING LOCALLY

TWITTER IMPRESSIONS
>500,000

ISOS WEBSITE HITS
>4M

34%

1 2 3 4 5 6

1. Tyrellstown Educate Together students, Dunsink, Science Week.
   Mic léinn ó Oideachas le chéile Baile an Tirialaigh, Dún Sinche, Seachtain Eolaíochta.
2. Maths Week, October 2017.
   Seachtain na Mata, Deireadh Fómhair.
3. Dr Grainne Costigan, Science Week.
   Dr Grainne Costigan, Seachtain Eolaíochta.
4. The Thirty-fifth Hugh M. Fitzpatrick Lecture in Legal Bibliography took place at DIAS Dublin on Tuesday 28th November. The lecture entitled "De Valera and the creation of an independent Irish constitutional tradition" was given by Dr Martin Mansergh. Hugh M Fitzpatrick, the lecture series and founder, pictured with Dr Eucharia Meehan, Registrar & CEO of DIAS, Dr Martin Mansergh and Síle de Valera.
   Thug an Dr Martin Mansergh léacht dar teideal "De Valera and the creation of an independent Irish constitutional tradition" ag an Institiúid ar an Máirt 28ú Samhain mar chuid de léachtaí Hugh M.Fitzpatrick i gclár dlí ba é seo léacht uimhir 35. Hugh M. Fitzpatrick, bunaitheoir na sraith léchtanna leis an Dr Eucharia Meehan, Cláraitheoir agus POF na hInstitiúide le Dr Martin Mansergh agus Síle de Valera.

5. School of Theoretical Physics Public Lecture.
Léacht Phoiblí Scoil an Fhisic Theoiriciúil.

6. Dr. Meehan at the Gender Summit North America.
An Dr. Meehan ag freastal ar an Gender Summit Meiriceá Thuaidh.

Snapshots of 2017

Recent Publications
Foilseacháin le Déanaí

Córus Bésgnai – 'An Old Irish Law Tract on the Church and Society' edited by DIAS professor, Liam Breatnach, was published in May of this year. The book consists of annotated editions and translations of the Old Irish law text Senchas Már as well as the later medieval commentaries.

Tionól is the annual conference hosted at DIAS by our School of Celtic Studies. As part of the 2017 Tionól programme, a posthumously published book by Breandán Ó Buachalla was launched on 16th November. The book, named **'Cnuasach Chléire'** focuses on the Irish of Cape Clear island, the southernmost Gaeltacht region, with a population of just over 125 people, and conveys the richness and particularity of the dialect and the lives once led by islanders. Breandán Ó Buachalla, who died in 2010, was a much-celebrated Celtic Studies scholar.

Foilsíodh **Córus Bésgnai – 'An Old Irish Law Tract on the Church and Society'** arna chur in eagar ag ollamh DIAS, Liam Breatnach, i mBealtaine na bliana seo. Áirítear sa leabhar eagráin anótáilte agus aistriúcháin ar an téacs dlí Sean-Ghaeilge Senchas Már chomh maith leis na tráchtaireachtaí meánaoise níos déanaí.

Is é Tionól an chomhdháil bhliantúil a eagraítear Scoil an Léinn Cheiltigh ag DIAS. Mar chuid den chlár do Tionól 2017, an 16 Samhain, seoladh leabhar le Breandán Ó Buachalla a foilsíodh i ndiaidh a bháis. Díríonn an leabhar, dar teideal **'Cnuasach Chléire'** ar Ghaeilge Oileán Chléire, an ceantar Gaeltachta is faide ó dheas, le daonra beagán os cionn 125 duine, agus léirítear ann saibhreas agus leithleachas na canúna agus an saol a bhíodh ag na hoileánaigh tráth. Ba scoláire mór an rá Léinn an Cheiltigh é Breandán Ó Buachalla, a fuair bás sa bhliain 2010.

International Summer School
Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta

Fifty undergraduate and postgraduate students from all over the world descended on Dublin in July for the Celtic Studies Summer School, run by the School of Celtic Studies at DIAS. The summer school was officially launched by Mary Mitchell-O'Connor TD, Minister of State at the Department of Education with special responsibility for Higher Education. This summer school takes place every three years and is attended by students from as far afield as the United States, Russia, Finland and Sweden.

Tháinig caoga mac léinn fochéime agus iarchéime ó gach carn den domhan go Baile Átha Cliath i mí Iúil do Scoil Samhraidh an Léinn Cheiltigh, á reáchtáil ag Scoil an Léinn Cheiltigh ag DIAS. Sheol Mary Mitchell-O'Connor TD, Aire Stáit sa Roinn Oideachais le freagracht speisialta as Ardoideachas an scoil samhraidh go hoifigiúil. Bíonn an scoil samhraidh seo ann gach trí bliana agus tagann mic léinn chuici ó thíortha amhail na Stáit Aontaithe, an Rúis, an Fhionlainn agus an tSualainn.

DIAS Astronomer Captures the Most Detailed Image of Another Star Ever Produced
Gabhann Réalteolaí DIAS an Íomhá is Mionsonraithe Riamh de Réalt Eile



Astronomer Dr. Eamon O'Gorman, based at DIAS, led an international team of scientists to produce the most detailed image of the surface of a star – other than the sun – generated at radio wavelengths. The image was taken of Betelgeuse, the famous Red Supergiant located in the constellation Orion, and was captured in Chile in June 2017, using the world's largest radio telescope, ALMA.

Bhí an réalteolaí an Dr. Eamon O'Gorman, lonnaithe in DIAS, i gceannas ar fhoireann idirnáisiúnta d'eolaithe a chruthaigh an íomhá is mionsonraithe riamh de dhromchla réalta – seachas an ghriain – a gineadh ag tonnfhaid raidió. Glacadh an íomhá de Betelgeuse, an t-Ollfhathach Dearg cáiliúil atá lonnaithe sa réaltbhuíon Orion, agus gabhadh í sa tSile i Meitheamh 2017, ag baint úsáide as an radaiteileascóp is mó ar domhan, ALMA.

A New Era in Gravitational Wave Astronomy
Ré Nua sa Réalteolaíocht Toinn Imtharraingthe

Three scientists from the DIAS School of Cosmic Physics contributed to the break-through discovery and interpretation of gravitational waves from the merging of two neutron stars. Professor Felix Aharonian, Professor Luke Drury and Dr. Carlo Romoli are part of the worldwide team that announced their findings in October 2017, following the collision of the two neutron stars on 17th August. Their results mark the beginning of a new era in gravitational wave astronomy.

Bhí ionchur ag triúr eolaithe ó Scoil na Fisice Cosmaí DIAS sa fionnachtain agus léirmhíniú sonrach ar thonnta imtharraingthe ón gcumasc de dhá neodrónréalta. Tá an Tollamh Felix Aharonian, an tOllamh Luke Drury agus an Dr. Carlo Romoli ina mbaill den fhoireann dhomhanda a d'fhógair a dtorthaí i nDeireadh Fómhair 2017, i ndiaidh don dá neodrónréalta tuairteadh an 17 Lúnasa. Is ionann a dtorthaí agus tús le ré nua sa réalteolaíocht toinn imtharraingthe.

Radio Telescope Switched on in Offaly
Radaiteileascóp Curtha ar Siúl in Uíbh Fhailí

In July, DIAS was involved in the official launch of the Irish LOFAR (I-LOFAR) telescope at Birr Castle, Co. Offaly. DIAS is a funding and research partner in the LOFAR project. The I-LOFAR will connect Ireland to the international LOFAR telescope, which has networks across Europe – including stations in Germany, Poland, France, the UK, Sweden and The Netherlands. DIAS will use the I-LOFAR telescope to study the birth of stars and planets. We will also contribute to the complex software required to operate such a telescope across the European continent with our international partners.

I mí Iúil, bhí DIAS páirteach sa seoladh oifigiúil den teileascóp LOFAR Éireannach (I-LOFAR) i gCaisleán Bhiorra, Co. Uíbh Fhailí. Is comhpháirtí maoinithe agus taighde é DIAS sa togra LOFAR. Nascfaidh an teileascóp I-LOFAR Éire leis an teileascóp idirnáisiúnta LOFAR, a bhfuil líonraí aige ar fud na hEorpa – lena n-áirítear stáisiúin sa Ghearmáin, sa Pholainn, sa Fhrainc, sa tSualainn agus san Ísiltír. Bainfidh DIAS úsáid as an teileascóp I-LOFAR chun staidéar a dhéanamh ar bhreith réaltaí agus pláinéad. Beidh ionchur againn freisin sna bogearraí casta atá de dhíth chun teileascóp den chineál sin a oibriú ar fud na hEorpa lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta.

Irish National Seismic Network
Líonra Seismeach Náisiúnta na hÉireann

DIAS operates the Irish National Seismic Network. Recent seismic events detected by the network include:

- 12.11.2017, M7.3 Iran
- 19.09.2017, M7.1 Mexico
- 08.09.2017, M8.1 Mexico
- 03.09.2017, M6.3 North Korea

Ritheann DIAS Líonra Seismeach Náisiúnta na hÉireann. I measc na n-eachtraí seismeacha a bhrath an líonra le déanaí bhí:

- 12.11.2017, M7.3 An Iaráin
- 19.09.2017, M7.1 Meicsiceo
- 08.09.2017, M8.1 Meicsiceo
- 03.09.2017, M6.3 An Chóiré Thuaidh

Nature publications
Foilsiú san iris *Nature*

A number of DIAS scholars were published in Nature throughout the year. In October, Professor Felix Aharonian and Dr. Masha Chernyakova (DIAS Research Associate), as members of the Hitomi collaboration, had their article published. The piece was entitled: 'Solar abundance ratios of the iron-peak elements in the Perseus cluster'.

Foilsíodh saothar le roinnt scoláirí DIAS san iris *Nature* le linn na bliana. I mí Dheireadh Fómhair, foilsíodh alt leis an Ollamh Felix Aharonian agus an Dr. Masha Chernyakova (Comhalta Taighde DIAS), mar chomhaltaí de chuibhreannas Hitomi. 'Solar abundance ratios of the iron-peak elements in the Perseus cluster' a bhí mar theideal ar an sliocht.

DIAS astronomer wins ERC Advanced Grant
Gnóthaíonn réalteolaí DIAS Deontas Ardleibhéil ERC

Professor Tom Ray was awarded one of the European Research Council's (ERC) prestigious Advanced Grants to study the birth of stars and planets in April. His proposal, "Ejection Accretion Structures in Young Stellar Objects (YSOs)" with acronym EASY, aims to use the latest observing facilities, such as the James Webb Space Telescope, the European Low frequency radio telescope LOFAR and those of the European Southern Observatory, to improve our understanding of the complex processes involved.

I mí Aibreán bronnadh ceann de Dheontais Ardleibhéil cháiliúla de chuid na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERC) ar an Ollamh Tom Ray chun staidéar a dhéanamh ar bhreith réaltaí agus pláinéad. Féachtar lena thogra, ar a dtugtar, "Ejection Accretion Structures in Young Stellar Objects (YSOs)" a bhfuil an t-acrainm EASY air, úsáid a bhaint as na háiseanna breathnaithe is déanaí, amhail Spásteileascóp James Webb, an radaiteileascóp ísealmhinicíochta Eorpach LOFAR agus na cinn sa an Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas, chun feabhas a chur ar ár dtuiscint ar na próisis chasta atá i gceist.



James Webb Space Telescope due for launch in 2018
Spásteileascóp James Webb le lainseáil in 2018

The biggest telescope ever put into space - the James Webb Space Telescope (JWST) – is due for launch in 2018. From 13th - 15th September, DIAS convened the team working on one of its major instruments, MIRI, in Dublin to finalise their plans. DIAS is leading Ireland's engagement with this massive global project and helped build hardware for JWST. It is currently developing software to analyse its data.

Tá an teileascóp is mó riamh a cuireadh sa spás - Spásteileascóp James Webb (JWST) – le lainseáil in 2018. Ón 13 - 15 Meán Fómhair, thóg DIAS an fhoireann atá ag obair ar cheann dá phríomhionstraimí, le chéile i mBaile Átha Cliath chun a bpleananna a chur i gcrích. Tá DIAS i gceannas ar rannpháirtíocht sa togra ollmhór domhanda seo agus chuidíomar le crua-earraí a dhéanamh do JWST. Faoi láthair táimid ag forbairt bogearraí chun anailís a dhéanamh ar a shonraí.

Unveiling How the Sun's Corona is Heated
Nochtadh ar an gCaoi ina nDéanfar Coróin na Gréine a Théamh



In March, astronomers from DIAS were part of a wider team that may have discovered why the Sun's outer tenuous atmosphere (the corona) has a temperature of approximately one million degrees and is so much hotter that the Sun's surface. The team reported on a new discovery made using the Swedish Solar Telescope on La Palma in the Canary Islands. These observations show for the first time the presence of high frequency waves travelling along thin magnetic flux tubes emerging from the Sun.

I mí na Márta, bhí réalteolaithe ó DIAS ina mbaill d'fhoireann níos leithne a fuair amach, b'fhéidir, cén fáth a bhfuil teocht thar ar mhilliún céim ag atmaisféar tanaí seachtrach na Gréine (an choróin) agus é i bhfad níos teo ná dromchla na Gréine. Thug an tuairisc ar fhionnachtain nua a rinneadh ag baint úsáide as Teileascóp Gréine na Sualainne ar La Palma sna hOileáin Chanáracha. Den chéad uair, taispeánann na breathnuithe seo toinn ardmhinicíochta ag taisteal feadh feadán floscanna maighnéadacha tanaí ag teacht amach ón nGriain.

School of Celtic Studies

Scoil an Léinn Cheiltigh

Scoil an Léinn Cheiltigh

TAIGHDE

Lean Liam Breatnach lena chuid oibre ar Ghramadach na Meán-Ghaeilge, agus réitigh sé roinnt páipéar le haghaidh foilsithe. D'oibrigh Ruairí Ó hUiginn ar eagrán den téacs *Oileamhain Chon Culainn agus Oidheadh Chonnlaoich mheic Con Culainn* a ullmhú, agus lean sé ag obair ar ghnéithe de chomhréir na gclásal coibhneasta sa Ghaeilge.

Lean Barry Lewis ag obair ar eagrán de théacs ginealach ar naoimh na Breataine Bige *(Bonedd y Saint)*. Chuir sé eagráin de 12 théacs nach bhfuil ar fáil ach i LS amháin faoi bhráid na foirne tionscnaimh sa Canolfan Uwchefrydiau Cymreig a Cheltaidd in Aberystwyth, agus chríochnaigh sé roinnt alt agus caibidlí leabhair le haghaidh foilsithe.

Lean Aoibheann Nic Dhonnchadha ar a cuid taighde ar théacsanna leighis na Nua-Ghaeilge Moiche.

Lean Michelle O Riordan ag obair ar leabhar ar fhilíocht pholaitiúil na Gaeilge i lár na seachtú haoise déag.

Lean Brian Ó Curnáin ag obair ar ghnéithe de shochtheangeolaíocht agus canúintí na Nua-Ghaeilge, ina measc, monagraf ar Ghaeilge Oirthear na Gaillimhe, agus tras-scríobh agus eagarthóireacht ábhar taifeadta do thionscadal GLÓR.

Chuir Mícheál Hoyne monagraf 'Bardic poems on the Meic Dhiarmada' faoi bhráid Choiste Foilseachán na Scoile, agus glacadh leis le haghaidh foilsithe.

Lean sé ag obair ar a eagrán de dhánta an fhile Seifín Mór, a bhain leis an 15ú haois, agus thosnaigh sé ar eagrán den tráchtas gramadaí *IGT* III-IV.

Lean Marie-Luise Theuerkauf ag obair ar eagrán de dhinnsheanchas Teamhrach agus ar a tionscnamh taighde ar an Dinnsheanchas i Leabhar Buí Leacáin.

D'eagraigh Silva Nurmio dhá chomhdháil sa Scoil: cruinniú bliantúil an ghrúpa taighde Datblygiad yr Iaith/ The Development of Welsh, agus an siompóisiam 'New Approaches to Brittonic Historical Linguistics'. Bhí sí ina comheagraí ar an seimineár bliantúil ar theangeolaíocht na Breatnaise in Gregynog. D'oibrigh sí ar roinnt alt agus caibidil leabhair, agus d'eagraigh sí leabhar atá le cur faoi bhráid foilsitheora faoi Mhárta 2018. Ba rannpháirtí í sa leabhar *Cyflwyniad i Ieithyddiaeth*, téacsleabhar Breatnaise ar an teangeolaíocht, faoi stiúir Laura Arman agus Sarah Cooper, Ollscoil Bangor, agus sa leabhar Mouton Handbooks of Indo-European Typology, in eagar ag Wolfgang Hock, Götz Keydana agus Paul Widmer.

Rinne Sarah Waidler taighde i gcomhair 'Stories of Saints: Medieval Irish Hagiographical Anecdota', a príomhthionscnamh sa Scoil, agus tá sé i gceist aici monagraf a fhoilsiú ar an ábhar seo. D'oibrigh sí freisin ar alt 'The Medieval Cult of Relics in Wales and the Welsh Perceptions of Relics', agus ar eagrán de na beathaí Laidne de Naomh Dáibhí i LSS Éireannacha, i gcomhair an tionscnaimh atá maoinithe ag an AHRC, *Vitae Sanctorum Cambriae: The Latin Lives of the Welsh Saints* (Ollscoil Cambridge agus Canolfan Uwchefrydiau Cymreig a Cheltaidd, Aberystwyth).

Thosnaigh Chantal Kobel ag obair ar eagráin de shraith téacsanna sa LS H 3. 18 (1337) i gColáiste na Tríonóide nár cuireadh in eagar cheana, agus ar chatalóg den lámhscríbhinn féin. D'ullmhaigh sí roinnt alt i gcomhair foilsithe, agus thosnaigh sí ar chatalóg de pháipéir Phroinsias Mhic Cana agus comhfhreagras Dhonnchaidh Uí Chorráin.

FOILSEACHÁIN

Foilsíodh i mbliana *Celtica* 29; Breandán Ó Buachalla, *Cnuasach Chléire*, in eagar ag James McCloskey agus Cathal Goan; Liam Breatnach, Córus Bésgnai. *An Old Irish Law Tract on the Church and Society*, Early Irish Law Series 7; agus Gordon Ó Riain (eag.), Dá Dtrian Feasa Fiafraighidh. *Essays on the Irish Grammatical and Metrical Tradition.*

Chomh maith leis sin cuireadh eagrán digiteach de *Onomasticon Goedelicum* Edmund Hogan, athchóirithe agus ceartaithe ag Donnchadh Ó Corráin ar fáil le híoslódáil ar shuíomh na Scoile.

MEAMRAM PÁIPÉAR RÍOMHAIRE (MPR/ISOS)

Rinne an tionscnamh dul ar aghaidh cothrom faoi stiúir Anne Marie O'Brien, ag leanúint le digitiú lámhscríbhinní agus le huasghrádú an bhunachair ollmhóir de ábhar digiteach atá ar MPR. Ag deireadh na bliana chuaigh MPR beo ar Twitter, rud a thugann eolas do lucht féachana a luaithe is a chuirtear LS nua ar fáil.

Fuair suíomh MPR breis is 6,432,700 amas i gcaitheamh na bliana.

School Of Celtic Studies

RESEARCH

Liam Breatnach continued work on a Grammar of Middle Irish, and on preparing a number of papers for publication. Ruairí Ó hUiginn worked on preparing an edition of the text *Oileamhain Chon Culainn agus Oidheadh Chonnlaoich mheic Con Culainn* and continued to work on aspects of the syntax of relative clauses in Irish.

Barry Lewis continued work on edition of medieval Welsh saints' genealogies. He submitted editions of 12 single-manuscript texts to the project team at CAWCS, and a number of articles and book-chapters for publication.

Aoibheann Nic Dhonnchadha continued research on Early Modern Irish medical texts.

Michelle O Riordan continued work on a book on Irish political poetry in the mid-seventeenth century.

Brian Ó Curnáin continued work on various aspects of Modern Irish sociolinguistics and dialect studies, including the preparation of a monograph on East Galway Irish, and the transcription and editing of recorded materials for the GLÓR project.

Mícheál Hoyne submitted critical editions of nine Classical Modern Irish poems to DIAS, and the volume has been accepted for publication. He continued to work on his critical edition of the poems of the mysterious fifteenth-century poet Seifín, which will be submitted as a book to DIAS at the end of 2018. He began editing the Classical Modern Irish grammatical tract *IGT* III-IV.

Marie-Luise Theuerkauf continued work on editing the *dindshenchas* of Temair (Tara), and her research on the *Dindshenchas* in the Yellow Book of Lecan.

Silva Nurmio organised two conferences at DIAS: the annual meeting of the Datblygiad yr Iaith/The Development of Welsh research group, and the symposium New Approaches to Brittonic Historical Linguistics. She was also a co-organiser of the annual Welsh Linguistics Seminar (Gregynog, Wales). She worked on a number of articles and a book chapter, and also edited a book to be submitted for publication by March 2018. She became a contributor to two collaborative book projects, Cyflwyniad i ieithyddiaeth [Introduction to linguistics], a Welsh-language introduction to linguistics, coordinated by Laura Arman & Sarah Cooper, Bangor University, and Mouton Handbooks of Indo-European Typology, ed. Wolfgang Hock, Götz Keydana & Paul Widmer.

Sarah Waidler conducted research for 'Stories of Saints: Medieval Irish Hagiographical Anecdota', her main project at DIAS, which she hopes to publish as a monograph. She also worked on an article 'The Medieval Cult of Relics in Wales and the Welsh Perceptions of Relics', and on an edition, transcription and translation of the Latin Lives of St David of Wales in Irish manuscripts for the AHRC-funded project *Vitae Sanctorum Cambriae: The Latin Lives of the Welsh Saints* (University of Cambridge and Centre for Advanced Welsh and Celtic Studies, Aberystwyth).

Chantal Kobel began editing and translating a series of hitherto unedited texts preserved in TCD MS H 3. 18 (1337), and also began cataloging this manuscript. She prepared a number of articles for publication, and began cataloging the papers of Proinsias Mac Cana, as well as the correspondence of Donnchadh Ó Corráin.

PUBLICATIONS

The year 2017 saw the publication of Celtica 29, Breandán Ó Buachalla, *Cnuasach Chléire*, ed. by James McCloskey and Cathal Goan, Liam Breatnach, *Córus Bésgnai. An Old Irish Law Tract on the Church and Society,* Early Irish Law Series 7, and Gordon Ó Riain (ed.), Dá Dtrian Feasa Fiafraighidh. *Essays on the Irish Grammatical and Metrical Tradition.*

In addition, a digital edition of Edmund Hogan's *Onomasticon Goedelicum*, revised and corrected by Donnchadh Ó Corráin, was made available to download on the School's website.

IRISH SCRIPT ON SCREEN (ISOS)

The Irish Script on Screen (ISOS) project made steady progress during the year under the direction of Anne Marie O'Brien. With continued work on digitisation of manuscripts and upgrading the huge database and archive of digitised material held by ISOS. At the close of year ISOS went live on Twitter which now allows viewers current updates when manuscripts go live. There were more than 6,432,700 hits to the Irish Script On Screen website during the year.

In the annual digitisation at the Royal Irish Academy, the Book of the Ó Lochlainns, MS E iv 3 (18th cent) and MS 23 D 4 (17th cent) were digitised. A large Latin-English-Gaelic Dictionary from Marsh's Library, MS Z 3.1.13, went live on the ISOS site.

The existing collaboration between the School of Celtic Studies/ ISOS and the National Library of Scotland was continued and saw the completion of a further five manuscripts, Adv. MS 72.2.3, Adv. MS 72.2.11, Adv. MS 72.2.13, Adv. MS 72.5.1 and MS 1669.

Scoil an Léinn Cheiltigh (ar lean)

I mbliana cuireadh ar fáil ar an suíomh lín dhá lámhscríbhinn i nAcadamh Ríoga na hÉireann, chomh maith leis na catalóga cuí, eadhón, LS E iv 3 'Leabhar Ó Lochlainn' (18ú haois) agus LS 23 D 4 (17ú haois). Freisin cuireadh ar fáil Foclóir mór Laidin-Béarla-Gaeilge i Leabharlann Marsh, LS Z 3.1.13, agus cúig lámhscríbhinn i Leabharlann Náisiúnta na hAlban, Adv. 72.2.3, Adv. 72.2.11, Adv. 72.2.13, Adv. 72.5.1 agus LS 1669.

Cuireadh an dá lámhscríbhinn deireannacha sa bhailiúchán i Leabharlann Uí Raghallaigh in DCU, LS II agus LS IV, ar fáil ar an suíomh, ionas go bhfuil an bailiúchán ar fad anois digithe, agus deireadh tagtha leis an bpáirtíocht idir Coláiste Phádraig agus MPR. Táimid buíoch de fhoireann na leabharlainne as ucht a gcomhoibrithe.

Thosnaigh an dara céim den pháirtíocht le Leabharlann Óstaí an Rí, inar rinneadh digitiú ar ocht lámhscríbhinn breise, eadhón, LS 9, LS 20, LS 24, LS 26, LS 28, LS 29, LS 40, agus LS 41. Baineann siad ar fad leis an 18ú haois, agus téacsanna gramadaí agus reiligiúnacha, agus scéalta, srl. atá iontu.

Rinneadh réamh-phlé le Leabharlann Taighde na Lámhscríbhinní agus na gCartlann i gColáiste na Tríonóide faoi dhigitiú a dhéanamh ar a thuilleadh de na lámhscríbhinní sa bhailiúchán sa bhliain dár gcionn.

BIBLEAGRAFAÍOCHT

Lean Alexandre Guilarte lena chuid oibre ar *Bibliography of Irish Linguistics and Literature (BILL)* a chur i dtoll a chéile, ag cur líon mór iontrálacha nua isteach do altanna, leabhair agus monagraif ar staidéir acadúla cuí. Chomh maith leis sin lean sé ag obair ar leagan amach agus uasghrádú an tsuímh lín.

Lean sé ag obair ar liostú sistéimeach léirmheasanna, agus leathnaíodh réimse na n-irisí go *Studia Celtica, Speculum, Innes Review, The Scottish Historical Review*, agus tuilleadh eile.

I bpáirt le foireann na leabharlainne, d'aimsigh sé agus réitigh sé bearnaí sna bailiúcháin, maidir le hirisí ar nós *EMANIA, Dúiche Néill, Irisleabhar Mhá Nuad*, agus irisí eile.

Chomh maith leis sin, sholáthair sé iontrálacha ar fhoilseacháin sa Léann Ceilteach do imleabhar 49/1–2, i gcomhair na tréimhse Eanáir-Nollaig 2015 (le foilsiú i 2018), den *International Medieval Bibliography*, in eagar ag an Institute for Medieval Studies, University of Leeds agus foilsithe ag Brepols.

LÉANN LÁMHSCRÍBHINNÍ

Lean an tOllamh Liam Breatnach ag stiúradh eagráin dioplómaitiúil den lámhscríbhinn ó thús na 15ú haoise déag *An Leabhar Breac*, agus le tionscnamh, ina bhfuil baill foirne agus scoláirí páirteach, chun catalóg nua a sholáthar do Leabhar Buí Leacáin.

LEABHARLANN

Leanadh le catalógú reatha agus siarghabhálach ar an leabharlann. Leanadh le sealbhú i gcomhair réimsí ábhair a bhí ábhartha do riachtanais thaighde na Scoile.

Déileáladh le breis is 250 ceist taighde agus leabharliosta ó bhaill na Scoile agus ó chuairteoirí, agus le beagnach 50 iasacht idirleabharlainne.

Eisíodh nuashonruithe rialta ar shealbhú a rinneadh le déanaí agus ar thréimhseacháin reatha (idir cló agus ar-líne).

Tugadh breis is 2100 cuairt ar an leabharlann.

Coiste na Leabharlainne

Tháinig an Coiste le chéile i mBealtaine agus i nDeireadh Fómhair, 2017. Tugann an coiste comhairle ar pholasaí na leabharlainne, cur chun cinn na leabharlainne, agus forbairt agus cur i gcrích athraithe straitéiseacha. Is iad baill an choiste Liam Breatnach, Ruairí Ó hUiginn, Aoibheann Nic Dhonnchadha, Alexandre Guilarte agus an Leabharlannaí, Margaret Irons.

Comhdhálacha agus Seimineáir

Rinne Margaret Irons cur i láthair ag an rannóg Leabharlanna Acadúla agus Speisialta de chomhdháil bhliantúil Chumann Leabharlann na hÉireann ar an 16ú agus 17ú Feabhra 2017, faion teideal: Better together: your village and your voice

http://www.aslibraries.com/parallel-and-workshop-speakers

Taisclann Institiúideach

Thosnaigh an leabharlann ar thaisclann institiúideach de fhoilseacháin taighde a fhorbairt. Cuirfidh an taisclann taighde fhoireann na Scoile os comhair an phobail.

Bronntanais

Bhíothas buíoch as bronntanais a fháil ó na daoine seo leanas:

An tOllamh Johan Corthals, Universität Hamburg

MSOMIT 2017: manuscript sources to Old and Middle Irish tales/Johan Corthals.

Polina Mamchenkova

Atlantica 13.

An tOllamh Liam Breatnach

The Irish pearl : a cultural, social and economic history/John Lucey.

School Of Celtic Studies (continued)

The partnership between St Patrick's College and Irish Script On Screen came to a close with the last two manuscripts, LS II and LS IV, going live on the ISOS site, so that the complete collection of Gaelic Manuscripts held at the O'Reilly Library DCU is now fully digitised. We thank the staff in the Cregan Library at St Patrick's College for their involvement with the digitisation of these holdings, thus playing a significant role in the ISOS initiative.

The second phase began with King's Inns and saw a further eight manuscripts digitised, MS 9, MS 20, MS 24, MS 26, MS 28, MS 29, MS 40, and MS 41. All are eighteenth-century manuscripts containing a mixture of grammar, religious matter, tales etc.

Discussions took place with the Manuscripts and Archives Research Library, Trinity College Dublin, with a view to undertaking further digitisation of the Library's Irish language holdings for inclusion on the ISOS website in the following year.

BIBLIOGRAPHY

During 2017 Alexandre Guilarte continued to work on the compilation of the *Bibliography of Irish Linguistics and Literature (BILL)*, entering, describing and analysing publications on early and modern Irish philology, and focusing on books and monographs while ensuring information on periodical titles is maintained up-to-date.

He also continued to systematically extract reviews on Irish studies publications, a line of work which has been extended to titles such as *Studia Celtica, Speculum, Innes Review, The Scottish Historical Review,* and many others.

In collaboration with the librarians he detected and remedied gaps in the library collections, solving issues that concerned titles such as *EMANIA, Dúiche Néill, Irisleabhar Mhá Nuad*, and others.

Finally, he contributed entries on Celtic Studies publications to appear in vol. 49, 1-2 for Jan-December 2015 (forthcoming in 2018) of the International Medieval Bibliography edited by the Institute for Medieval Studies, University of Leeds, and published by Brepols.

MANUSCRIPT STUDIES

Professor Liam Breatnach continued direction of a diplomatic edition of the early 15th-century manuscript *Leabhar Breac*, and a project involving staff and scholars of the School to produce a new catalogue of the contents of the Yellow Book of Lecan.

LIBRARY

Acquisitions continued in subject areas relevant to the research needs of the School and in keeping with the acquisitions policy of the library.

Over 250 research and bibliographical queries from visitors and members of the School were dealt with.

Approximately 50 inter-library loans were ordered, consulted and returned to the lending institution.

Regular updates on recent accessions and current periodicals (both print and online) were issued.

Over 2100 visits were made to the library.

Library Committee

The Committee met in May and October 2017.

The Library Committee advises on library policies, promotion of the library and on development and implementation of strategic changes.

Committee members are Liam Breatnach, Ruairí Ó hUiginn, Aoibheann Nic Dhonnchadha, Alexandre Guilarte and Margaret Irons.

Conferences and Seminars

Margaret Irons presented at the Academic & Special Libraries section of the Library Association of Ireland's annual conference on 16th & 17th February 2017.

Title: Better together: your village and your voice

http://www.aslibraries.com/parallel-and-workshop-speakers

Institutional Repository

The library began work on developing an Institutional Repository of research publications. The repository will showcase the research output of professors, staff and scholars of the Institute.

Donations

Donations were gratefully received from the following:

Prof. Johan Corthals, Universität Hamburg

MSOMIT 2017: manuscript sources to Old and Middle Irish tales/Johan Corthals.

Polina Mamchenkova

Atlantica 13.

Prof. Liam Breatnach

The Irish pearl : a cultural, social and economic history/John Lucey.

Prof. Ruairí Ó hUiginn

Various titles.

Prof. Ailbhe Ó Corráin

The dark cave and the divine light: verses on the human condition by Giolla Brighde Ó hEódhasa.

Prof. Emeritus Anders Ahlqvist, University of Sydney

Various journal titles.

Scoil an Léinn Cheiltigh (ar lean)

An tOllamh Ruairí Ó hUiginn

Teidil éagsúla.

An tOllamh Ailbhe Ó Corráin

The dark cave and the divine light : verses on the human condition by Giolla Brighde Ó hEódhasa.

An tOllamh Emeritus Anders Ahlqvist, Ollscoil Sydney

Irisí éagsúla.

Matthias Egeler, Ludwig-Maximilians-Universität München

Islands in the west : classical myth and the medieval Norse and Irish geographical imagination/Matthias Egeler.

An tOllamh Donnchadh Ó Corráin †, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Teidil éagsúla.

Daniel Buchner, Curach Bhán publications

Teidil éagsúla.

An tOllamh Matthew James Driscoll, Ollscoil Copenhagen

Sixty-Six Manuscripts From the Arnamagnan Collection/MJ Driscoll.

Mirrors of virtue : manuscript and print in late pre-modern Iceland/MJ Driscoll.

Cuairteoirí idirnáisiúnta ar an Leabharlann

Melita Cataldi, Ollscoil Torino, An Iodáil

Thomas Charles-Edwards, Jesus College, Oxford, Sasana

Piero de Gennaro, Ollscoil Torino, An Iodáil

Anders Ahlqvist, Ollscoil Sydney, An Astráil

Margo Griffin-Wilson, Ollscoil Cambridge, Sasana

Markku Filppula, Ollscoil Oirthear na Fionnlainne

Helen Imhoff, München, An Ghearmáin

Seth Koproski, Ollscoil Cornell, New York, SAM

James McCloskey, Ollscoil California, SAM

Tomás Ó Cathasaigh, Ollscoil Harvard, Massachusetts, SAM

Pádraig Ó Néill, Ollscoil North Carolina, SAM

Murray-Luke Peard, Ollscoil Sydney, An Astráil

Jan Erik Rekdal, Ollscoil Oslo, An Ioruaidh

Paul Russell, Ollscoil Cambridge, Sasana

Richard Sharpe, Ollscoil Oxford, Sasana

Mary Valante, Ollscoil Appalachian State, North Carolina, SAM

Joseph Nagy, Ollscoil California, Los Angeles. SAM

Jacqueline Borsje, Ollscoil Amsterdam, An Ísiltír

Patrick Sims-Williams, Ollscoil Aberystwyth, An Bhreatain Bheag

Катерина Деревянченко, Ollscoil Moscow, An Rúis

Mikael Males, Ollscoil Oslo, An Ioruaidh

Robin Chapman Stacey, Ollscoil Washington, SAM

Marged Haycock, Ollscoil Aberystwyth, An Bhreatain Bheag

TIONÓL 2017

Tharraing Tionól na bliana seo lucht éisteachta an-leathan arís i mbliana, le painéal idirnáisiúnta cainteoirí, agus lean sé ón 17ú go dtí an 19ú de mhí na Samhna. Rinneadh freastal an-ard, suas le nócha duine sa lucht éisteachta. Tugadh na páipéir seo leanas (san ord inar cuireadh i láthair iad) ar an Déardaoin an 16ú: Séamas De Barra, 'Teaboid Gállduf, údar Teagasc Criostuí/Catechismus (An Bhruiséil 1639)'; Feena Tóibín, 'Dubhghlas de hÍde: learning curve'; Kenneth Ó Donnchú, 'Fa thionnas sa mbaile shíos: cúlra agus bunús an dáin Freagra ar et cetera Philip'; Christopher Lewin, 'Progress and desiderata in Manx historical linguistics'; Art Hughes, 'H. Wagner's Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects: reflections and some practical applications in mid-Donegal (pts 82-83)'; Peadar Ó Muircheartaigh, 'Lucerna Linguae? Lucerna Fidelium (1676) as a dialectal source'.

Tugadh na páipéir seo leanas ar an Aoine an 17ú: Nicole Volmering, 'The Prose Preface to the *Féilire Óengusso*: scribes, editors and text arrangement'; Chantal Kobel, '*Bruiden Senbicc uí Ébricc*: a medieval Irish text lost to obscurity'; Rebecca Shercliff, 'Female voices in Tochmarc Ferbe'; Joan Gallagher, 'Chwedyl Iarlles y Ffynnawn as "Romance"?'; Jacqueline Borsje, 'Mary's saliva'; Brendan Meighan, 'Irish identity and the development of the High-Kingship 847-919'; Éamonn Ó Ciosáin, 'Foclóireacht na Briotáinise 1464-2017, spriocanna agus saothair; Breton lexicography, purpose and practice'; Iwan Wmffre, 'Hanoiou-lec'h Breiz Izel: The Western Brittany Place-Name Project'; Paul Russell, '*Rustica imbecillitas*: Breton personal names in charters'; Andrea Palandri, 'The Irish adaptation of Marco Polo's Travels: mapping the route to Ireland'; Ksenia Kudenko, 'The symphony of vernacular and Latin traditions in *Tochmarc Moméra*'.

School Of Celtic Studies (continued)

Matthias Egeler, Ludwig-Maximilians-Universität München

Islands in the west : classical myth and the medieval Norse and Irish geographical imagination/Matthias Egeler.

Prof. Donnchadh Ó Corráin †, University College Cork

Various titles.

Daniel Buchner, Curach Bhán publications

Various titles.

Prof. Matthew James Driscoll, University of Copenhagen

Sixty-Six Manuscripts From the Arnamagnan Collection/MJ Driscoll.

Mirrors of virtue : manuscript and print in late pre-modern Iceland/MJ Driscoll.

International visitors to the library

Melita Cataldi, University of Torino, Italy

Thomas Charles-Edwards, Jesus College Oxford, England

Piero de Gennaro, University of Turin, Italy

Anders Ahlqvist, University of Sydney, Australia

Margo Griffin-Wilson, Cambridge University, England

Markku Filppula, University of Eastern Finland, Finland

Helen Imhoff, Münich, Germany

Seth Koproski, Cornell University, New York, USA

James McCloskey, University of California, USA

Tomás Ó Cathasaigh, Harvard University, Massachusetts, USA

Pádraig Ó Néill, University of North Carolina, USA

Murray-Luke Peard, University of Sydney, Australia

Jan Erik Rekdal, University of Oslo, Norway

Paul Russell, University of Cambridge, England

Richard Sharpe, University of Oxford, England

Mary Valante, Appalachian State University, North Carolina, USA

Joseph Nagy, University of California, Los Angeles. USA

Jacqueline Borsje, University of Amsterdam, The Netherlands

Patrick Sims-Williams, Aberystwyth University, Wales

Катерина Деревянченко, Moscow University, Russia

Mikael Males, University of Oslo, Norway

Robin Chapman Stacey, University of Washington, USA

Marged Haycock, University of Aberystwyth, Wales

TIONÓL 2017

This year's Tionól, extended from the afternoon of Thursday the 16th of November to the afternoon of Saturday the 18th, and attracted a very wide audience, with an international panel of speakers. Attendance was high, with audiences reaching ninety people. The following papers were delivered on Thursday 17th: Séamas De Barra, 'Teaboid Gállduf, údar Teagasc Criostuí/Catechismus (An Bhruiséil 1639)'; Feena Tóibín, 'Dubhghlas de hÍde: learning curve'; Kenneth Ó Donnchú, 'Fa thionnas sa mbaile shíos: cúlra agus bunús an dáin Freagra ar et cetera Philip'; Christopher Lewin, 'Progress and desiderata in Manx historical linguistics'; Art Hughes, 'H. Wagner's Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects: reflections and some practical applications in mid-Donegal (pts 82-83)'; Peadar Ó Muircheartaigh, 'Lucerna Linguae? Lucerna Fidelium (1676) as a dialectal source'.

Rinne J. Mackey forbairt ar a obair roimhe seo ag déanamh staidéir ar scealla réaltaí mórthimpeall ar ollfhathaigh dhearga, lean ríomh cathain is féidir le scealla dá leithéid foirmiú réaltaí a óstáil (Szecsi et al., 2018, á chur i gcló, leagan réamhchló ar fáil ag arXiv:1711.04007). Rinne sé imscrúdú ar éabhlóid réaltaí an-ollmhór i Réaltbhraislí Cruinneogacha ar mhiotalacht íseal, agus fuair sé amach gur féidir le réaltaí na 2 glúine foirmiú i ndlúthscealla mórthimpeall ar ollfhathaigh. Ina thennta sin, is féidir le patrúin fliúirse ceimice na réalt a fhoirmítear ar an mbealach seo bheith ag meaitseáil leo siúd atá ag an daonraí ilréaltacha a fhaightear i Réaltbhraislí Cruinneogacha. B'fhéidir go gcuideoidh an obair seo go mór le réiteach ar an bhfaidhb atá ann le fada maidir leis an gcaoi inar foirmíodh réaltbhraislí cruinneogacha.

DIAS Scholar wins 2017 Earnshaw Medal
Bhuaigh Scoláire ó Institiúid Árd- Léinn an Bonn Earnshaw

School Of
Cosmic Physics

Astronomy and Astrophysics

Goal 1: Discovery of new knowledge and insights through advanced fundamental research and scholarship

The science event of the year was undoubtedly the detection of a neutron star merger in gravitational waves and the subsequent detection of electromagnetic emission. Fortunately, the event occurred in a region of the sky and at a time when it was accessible to the H.E.S.S. high-energy gamma-ray telescopes which observed it as a target of opportunity within five hours but saw nothing. Nevertheless, this enabled H.E.S.S. to place upper limits on the high-energy gamma-ray emission from the merger and made us part of the world-wide team of over 3500 scientists involved in the multi-wavelength campaign. The H.E.S.S. consortium, of which DIAS is a member, was in fact the first ground-based observatory to be able to observe the source due to its favourable geographical location in Southern Africa.

J. Mackey continued his collaboration with V.V. Gvaramadze, N. Langer, T. Haworth and co-workers in a project where they made the first detection of a stellar-wind bubble around a single main-sequence B star (Gvaramadze et al., 2017, MNRAS,466,1857).

The computer modelling of the wind-blown nebula and its observational signatures was key to making this claim. This is significant because observational determinations of the strength of stellar winds from B stars are very uncertain and theoretical predictions are very difficult. Detecting the wind bubble directly and measuring its size and energy gives a powerful and independent constraint on the wind strength.

This work links nicely to some remarkable results obtained by Felix Aharonian and his coworkers. Looking at the radial distribution of high-energy gamma-ray emission around several young OB associations they have found evidence pointing to significant cosmic ray acceleration in such star clusters.

This suggests that the generally accepted idea, that the bulk of the observed Galactic cosmic rays are accelerated in individual supernova remnants, may need revision and that strong stellar winds from massive stars in young clusters may in fact be the dominant source, especially around PeV energies. Moreover, it also dovetails with the discovery by the DIAS Star Formation Group a few years ago that even low mass young stars may be sources of low energy cosmic rays (Ainsworth et al. 2014).

J. Mackey built on his previous work studying circumstellar shells around red supergiants, to calculate when such shells can host star formation (Szecsi et al., 2018, in press, preprint at arXiv:1711.04007).

He investigated evolution of very massive stars in low-metallicity Globular Clusters, and found that 2nd generation stars can form in dense shells around supergiants. Furthermore, the chemical abundance patterns of the stars formed in this way can match those of the multiple stellar populations found in Globular Clusters. This work may prove to be a significant contribution to the long-standing problem of how Globular Clusters formed.

Internationally acclaimed photo of the "Star Betelgeuse" (taken by Dr. O' Gorman, DIAS)

Pictiúr le moladh idirnáisiúnta don 'Star Betelgeuse'(Dr O Gorman,DIAS)





Hess Radio Telescope Array in Namibia (DIAS Lead Partner)

Hess Radio Telescope Array in Namibia (i bpáirt le DIAS)

Scoil na Fisice Cosmaí (ar lean)

Bhrath an Grúpa Foirmithe Réaltaí réalta óg ag minicíochtaí raidió an-íseal den chéad uair ag baint úsáide as LOFAR (Colm Coghlan et al. 2017). Ní hamháin gur oscail sé seo "fuinneog" nua ar bhreith réaltach ach freisin fuair siad amach gur chas an speictream raidió thart, a chuir ar a gcumas neart ghaoth ianaithe an réalta a thomhas. Rud nua eile ab ea an brath d'fhuilleamh diosca eipeasóideach i réad réaltach óg ardmhaise ag Alessio Caratti o Garatti et al a foisíodh san iris *Nature Physics*. Tacaíonn an tátal seo leis an tuairim chonspóideach gur féidir le réaltaí ollmhóra foirmiú ar bhealach atá an-chosúil le réaltaí ar mhais íseal. Mar chríoch, rinne Eamon O'Gorman et al. breathnuithe ALMA a réitigh atmaisféar an ollfhathaigh dhearg Betelgeuse.

Rinne Spásteileascóp James Webb (JWST) beagnach 100 lá de thástáil chrióigineach ag Lárionad Spáis Johnson i Houston, Texas. D'éirigh go maith leis na tástálacha go léir lena n-áirítear na cinn sin a bhain leis an Ionstraim Mheán-Infreadhearg (MIRI) a bhfuil baint ag DIAS léi. Tá moill curtha ar lainseáil JWST, áfach, ó Dheireadh Fómhair 2018, ar dtús go dtí Earrach 2019 agus anois go 2020. Tá an clár ama comhaontaithe JWST, ina bhfuil DIAS páirteach go mór, aontaithe. Gheobhaidh Patrick Kavanagh agus Martin Topinka oiliúint chun obair ar an láthair sa Seomra Rialaithe san Institiúid Eolaíochta Spásteileascóip i dtaca le hoibríochtaí JWST. Bhaul Cuibhreannas um Ionstraim Mheán-Infreadhearg (MIRI) JWST i mBaile Átha Cliath i Meán Fómhair chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn.

I ndiaidh dianstocaireachta ag Tom Ray agus Paul Callanan (Coláiste na hOllscoil, Corcaigh) thar ceann phobal réalteolaíochta na hÉireann, agus le tacaíocht ríthábhachtach ó Joe Hogan ón tionscal, d'fhógair Rialtas na hÉireann go raibh sé ar intinn aige dul isteach sa Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas. Leis an gcinneadh seo, baintear amach aidhm a bhí ag Scoil na Fisice Cosmaí le fada agus tugtar aghaidh ar bhearna thromchúiseach i struchtúr taighde na hÉireann atá ann ó cuireadh deireadh leis an gcomhaontú La Palma idir DIAS agus an Ríocht Aontaithe. Meastar go dtarlóidh aontachas foirmiúil ag druidim le deireadh na bliana 2018 agus ceadóidh sé rochtain ag réalteolaithe na hÉireann ar chuid de na háiseanna réalteolaíochta ar talamh is fearr ar domhan.

I ndiaidh athbhreithnithe ar na 3 misean atá á meas do shliotán M4 ESA (lainseáil thart ar 2025), chinn an coiste comhairleach ábhartha ARIEL a mholadh, misean a fhiosróidh na hatmaisféir atá ag cúpla céad eiseapláinéad. Comh-Phríomhthaighdeoir is ea Tom Ray agus tá sé ar intinn go gcuirfidh DIAS scoiltirí léis agus scagairí ar fáil agus go bhforbróimid na bogearraí do thorthaí brathadóra i gcomhar le JPL. Cuireadh an cinneadh deiridh ón gCoiste Polasaí Eolaíochta (SPC) maidir le ARIEL a ghlacadh ar athló go dtí Márta 2018 ach tá sé sin dearbhaithe anois.

Ó dheireadh mhí Iúil 2017, tá stáisiún LOFAR na hÉireann i mBiorra, Contae Uibh Fhailí comhtháite leis an gcuid eile de líonra LOFAR na hEorpach atá lárnaithe san Isiltír. Tá tús curtha le gnáthbhreathnuithe lena n-áirítear roinnt príomhchlár eolaíochta a bhfuil baint ag an tír seo leo. Bhí comhalta iardhochtúireachta LOFAR (an Dr Simon Purser, a bhí in Ollscoil Leeds roimhe), mac léinn PhD (Anton Freeney-Johanssen) agus eolaí tacaíochta LOFAR (an Dr Oisin Creaner, a bhí in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath roimhe seo) lonnaithe in DIAS faoi dheireadh na bliana 2017.

Tá comhaontú sroichte i bprionsabal leis an Institiúid Taighde sa Réaltfhisic agus Pláinéadeolaíocht (IRAP) atá lonnaithe i Toulouse le rochtain a cheadú do DIAS ar shonraí ón Suirbhé Oidhreachta SPIRou (SLS). Sa suirbhé seo, a éileoidh cúpla céad ar Theileascóp Haváí Cheanada agus na Fraince (CFHT) thar ceithre bliana déanfar tomhas ar na réimsí maighnéadacha agus a dtimpeallachtaí. Ina theannta sin, ligfear dúinn brath a dhéanamh ar phleainéid de mhais an Domhain mórthimpeall ar réaltaí de chineál M (na réaltaí is coitianta sa Réaltra). Cuideoidh ranníocaíocht airgeadais DIAS leis an maoiniú do chiar minicíochta léasair (LFC) le cur isteach i SPIRou. Mar thoradh air seo beidh cruinneas luais níos airde fós (codán de mhéadar in aghaidh an soicind) ná mar a samhlaíodh ar dtús i sonraíochtaí na hionstraime.

Mar ullmhúchán do dhul ar scoir Luke Drury i Meitheamh na bliana 2018 bhunaigh an Bord Stiúrtha coiste cuardaigh agus roghnúcháin chun cuardach a dhéanamh d'iarrthóir ag obair i i réimse na n-eiseapláinéad agus/nó na fisice gréine agus fógraíodh an post i Meitheamh 2017. Is ionann é seo agus scoilt ón mbéim láidir a bhíodh ann ar an réaltfhisic ardfhuinnimh agus tá sé ceaptha le naisc a fhorbairt le hobair na Rannóige Geofisice chomh maith le forbairt a dhéanamh ar an gcnuasach láidir de shaothar atá déanta ag an ngrúpa foirmiú réalta. Rinneadh an gearrliostú agus bhí agallaimh ann faoi dheireadh na bliana.

The Star Formation Group detected a young star at very low radio frequencies for the first time using LOFAR (Colm Coghlan et al. 2017). Not only did this open up a new "window" on stellar birth but they also found the radio spectrum turned over, allowing them to measure the strength of the star's ionised wind. Another first was the detection of episodic disk accretion in a high-mass young stellar object by Alessio Caratti o Garatti et al which appeared in Nature Physics. This finding supports the controversial idea that massive stars may form in a very similar way to their low mass brethren. Finally Eamon O'Gorman et al. carried out ALMA observations that resolved the atmosphere of the red giant Betelgeuse.

The James Webb Space Telescope (JWST) completed almost 100 days of cryogenic testing at the Johnson Space Center in Houston, Texas. All tests went well including those involving the Mid-Infrared Instrument (MIRI) in which DIAS is involved. The launch of JWST has however been delayed from October 2018, first to Spring 2019 and now to 2020. The JWST guaranteed time program, in which DIAS is substantially involved, has been agreed upon. Patrick Kavanagh and Martin Topinka will receive training to work on site at the Space Telescope Science Institute Control Room in connection with JWST operations. The JWST Mid-Infrared Instrument (MIRI) Consortium met in Dublin in September to review progress.

Following intensive lobbying by Tom Ray and Paul Callanan (UCC) on behalf of the Irish astronomical community, and with crucial support from industry in the person of Joe Hogan, the Irish Government announced its intention to join the European Southern Observatory. This fulfils a long-standing ambition of the School of Cosmic Physics and addresses a serious deficit in Ireland's research infrastructure which has existed since the ending of the La Palma agreement between DIAS and the UK. Formal accession is expected to take place towards the end of 2018 and will allow access by Irish astronomers to some of the best ground-based astronomical facilities in the world.

Following a review of the 3 missions being considered for ESA's M4 slot (launch around 2025), the relevant advisory committee decided to recommend ARIEL, a mission that will explore the atmospheres of several hundred exoplanets. Tom Ray is Co-Principal Investigator and the intention is that DIAS will contribute beam splitters and filters as well as develop the detector readout software in association with JPL. The final decision on adopting ARIEL from the Science Policy Committee (SPC) was deferred until March 2018 but is now confirmed.

Since the end of July 2017, the Irish LOFAR station at Birr, County Offaly, has been integrated into the rest of the European LOFAR network centred in the Netherlands. Routine observations have begun including a number of key science programs with Irish involvement. A LOFAR postdoctoral fellow (Dr Simon Purser, formerly of the University of Leeds), PhD student (Anton Freeney-Johanssen) and LOFAR support scientist (Dr Oisin Creaner, formerly Dublin Institute of Technology) were in place in DIAS by the end of 2017.

An agreement has been reached in principle with the Toulouse based Research Institute in Astrophysics and Planetology (IRAP) to allow DIAS access to data from the SPIRou Legacy Survey (SLS). This survey, requiring several hundred nights on the Canada France Hawaii Telescope (CFHT) over four years will measure the magnetic fields of young stars and their environments. In addition, it will also allow us to detect Earth-massed planets around M-type stars (the most common stars in the Milky Way). The DIAS financial contribution will help fund a laser frequency comb (LFC) for insertion into SPIRou. This will result in even higher velocity precision (a fraction of a metre per second) than originally envisaged in the instrument's specifications.

In preparation for the retirement of Luke Drury in June 2018 the Governing Board set up a search and selection committee to look for a candidate working in the areas of exoplanets and/or solar physics and advertised the position in June 2017. This represents a break from the previous strong emphasis on high-energy astrophysics and is intended to build links to the work of the Geophysics Section as well as to build on the strong track record of the star-formation group. The shortlisting and interviews were completed by the end of the year.

Felix Aharonian was honoured by election to membership of the Academia Europaea.

Luke Drury was appointed by ALLEA, the All European Academies group, on the nomination of the Royal Irish Academy, to be a member of its working group looking at the issue of Trust in Science.

Goal 2: Internationalisation of our research and collaborations

Through Jonathan Mackey's IRC funded project on the "Evolution and Explosion of Massive Stars" we invited a number of international speakers and participants to the workshops held in DIAS (25-26 May 2017) and Armagh Observatory and Planetarium (10-11 August 2017).

Invited review speakers:

- Sylvia Ekström (Geneva) reviewing the evolution of massive stars and challenges we face in understanding this;

Scoil na Fisice Cosmaí (ar lean)

Sprioc 2: Idirnáisiúnú ar ár dtaighde agus comhair

Trí thogra Jonathan Mackey, maoinithe ag IRC, ar "Éabhlóid agus Pléascadh Réaltaí Ollmhóra" thugamar cuireadh do roinnt cainteoirí agus rannpháirtithe idirnáisiúnta teacht chuig na ceardlanna a eagraíodh in DIAS (25-26 Bealtaine 2017) agus Réadlann agus Pláinéadlann Ard Mhacha (10-11 Lúnasa 2017).

Cainteoirí athbhreithnithe ar tugadh cuireadh dóibh:

- Sylvia Ekström (An Ghinéiv) ag caint faoi éabhlóid réaltaí ollmhóra agus dúshláin atá romhainn chun é seo a thuiscint;
- Ben Davies (Learpholl) ag caint faoinár dtuiscint ar réalta Ollfhathaigh Dhearga;
- Robert Izzard (Cambridge) ag plé córas réaltaí déacha;
- Debora Sijacki (Cambridge) ag caint faoin gcaoi ina bhfuil réaltaí ollmhóra agus ollnóvaí tábhachtach do shamhaltaí cosmeolaíochta d'fhoirmiú réaltraí;
- Tom Ray (DIAS) ag caint linn faoi na deiseanna ag teacht le Spásteileascóp James Webb an bhliain seo chugainn; agus
- Takashi Moria (NOA sa tSeapáin) ag caint faoin na naisc atá á dhéanamh againn idir ollnóvaí agus a réaltaí sinsir.

Do chruinniú Ard Mhacha thugamar cuireadh dóibh seo a leanas:

- Nir Shaviv (Iosrael) ag caint faoi réaltaí ollmhóra in aice le teorainn na seasmhachta;
- Dan Whalen (Portsmouth) ag caint faoi éabhlóid na réaltaí sárollmhóra agus a dtitim go dúphoill;
- Nancy Elias Rosa (an Iodáil) ag caint faoi ollnóvaí a idrighníomaíonn le dlúthghás mórthimpeall, agus rudaí a bhfuil cuma ollnóva orthu ach nach ollnóvaí iad; agus
- Allard Jan van Marle (Páras) ag caint faoi cháithníní neamtheirmeacha (gathanna cosmacha) agus a luasghéarú i gcroití.

Eagraíodh ceardlann i DIAS ón 7-8 Meán Fomhair ar Bhrathadóirí Ionduchtaithe Cinéiteach Micreathoinne (MKIDanna) agus tugadh cuireadh do na hoibrithe idirnáisiúnta is mó sa réimse bheith i láthair. Fuair an cheardlann tacaíocht ó SFI trí dheontas chuig Tom Ray. I measc na gcaointeoirí bhí ann:

Peter Day (Caltech) maidir le hIonduchtú Cinéiteach Neamhlíneach,

Jochem Baselmans (SRON) maidir le MKIDanna ar Réadlanna Spáis Todhchaí,

Erik Shirkoff (Chicago) maidir le Speictreascópacht Ar-Shlis ag baint úsáid as MKIDanna,

Omid Noroozian (National Radio Astronomy) maidir le Comhaireamh-Fótóin le hAthshonadóirí KID,

Philip Mauskopf (Arizona State University) maidir le Leictreonaic Léamh don Chéad Ghlúin Eile,

Brad Johnson (Columbia), maidir le MIDanna Ilchróacha do Staidéar Polarúcháin CMB,

Simon Doyle (Cardiff) maidir le MUSCAT – Ceamara Contanaim bunaithe ar KID,

Kieran O'Brien (Durham) maidir le KIDSpec; an Speictreagraf Induchtaithe Cinéiteach do réalteolaíocht optach/IR,

Pieter de Visser (SRON) maidir le Dinimic Cuasacháithníní

Jason Austermann (NIST) maidir le Brathadóirí Ionduchtaithe Ciníteach Ilsrathacha Ti TiN do Polaraiméadracht Toinn Fo-Mhiliméadair agus Miliméadair,

Jonas Zmuidzinas (Caltech/JPL) maidir le KIDanna: Dúshláin agus Deiseanna.

IMTHARRAINGT

Lean DIAS dá chomhoibriú le hInstitiúid Réalteolaíochta Max (MPIA) i Heidelberg agus an Institut de Planétologie et d'Astrophysique (IPAG) i Grenoble maidir leis an trasnamhéadar neas-infreadhearg don chéad ghlúin eile GRAVITY lonnaithe ag an suíomh Paranal de chuid ESO. D'áirigh sé seo cuidiú ó bhaill foirne DIAS sa choimisiúnú agus luathbhreathnuithe ar réaltaí óga chun inniúlachtaí na hionstraime a ríomh.

RadioNet

Rinneadh ball den líonra ardleibhéil pobail AE RadioNet de DIAS in éineacht le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, mar aitheantas ar a rannpháirtíocht i dtogra LOFAR na hÉireann. Cuireann RadioNet polasaí Eorpach um aerspás oscailte chun cinn don réalteolaíocht raidó agus faigheann sé tacaíocht trí mhaoiniú H2020. Go háirithe, le maoiniú RadioNet, cuideoidh DIAS le bogearraí a fhorbairt d'fhoirmiú léasacha LOFAR optamacha nuair a bhíonn spriocanna réalteolaíochta ag airdí éagsúla.

School of Cosmic Physics (continued)

- Ben Davies (Liverpool) reviewing our understanding of Red Supergiant stars;
- Robert Izzard (Cambridge) discussing binary star systems;
- Debora Sijacki (Cambridge) reviewing how massive stars and supernovae are important for cosmological simulations of galaxy formation;
- Tom Ray (DIAS) telling us about the opportunities coming with the James Webb Space Telescope next year; and
- Takashi Moria (NOA Japan) reviewing the connections we are beginning to make between supernovae with their progenitor stars.

For the Armagh meeting we invited:

- Nir Shaviv (Israel) discussing very massive stars near the limit of stability;
- Dan Whalen (Portsmouth) reviewing the evolution of supermassive stars and their collapse to black holes;
- Nancy Elias Rosa (Italy) reviewing supernovae that interact with surrounding dense gas, and things that look like supernovae but aren't; and
- Allard Jan van Marle (Paris) discussing non-thermal particles (cosmic rays) and their acceleration in shocks.

A workshop on Microwave Kinetic Inductance Detectors (MKIDs) was held in DIAS from 7th-8th September to which all the leading international workers in the field were invited. The workshop was supported by SFI through a grant to Tom Ray. Speakers included:

Peter Day (Caltech) on Non-linear Kinetic Inductance,

Jochem Baselmans (SRON) on MKIDs on Future Space Observatories,

Erik Shirkoff (Chicago) on On-chip Spectroscopy using MKIDs,

Omid Noroozian (National Radio Astronomy Observatory) on Photon-Counting with KID Resonators,

Philip Mauskopf (Arizona State University) on Next Generation Readout Electronics,

Brad Johnson (Columbia) on Multi-Chroic MKIDs for CMB Polarization Studies,

Simon Doyle (Cardiff) on MUSCAT – a KID-based Continuum Camera,

Jonas Zmuidzinas (Caltech/ JPL) on KIDs: Challenges and Opportunities,

Kieran O'Brien (Durham) on KIDSpec; the Kinetic Inductance Detector SPEctrograph for optical/ IR astronomy,

Pieter de Visser (SRON) on Quasiparticle Dynamics

Jason Austermann (NIST) on Ti TiN Multilayer Kinetic Inductance Detectors for Sub Millimeter and Millimeter Wave Polarimetry,

Jonas Zmuidzinas (Caltech) on KIDS: Challenges and Opportunities

GRAVITY

DIAS continued its collaboration with the Max Planck Institute of Astronomy (MPIA) in Heidelberg and the Institut de Planétologie et d'Astrophysique (IPAG) in Grenoble on the next generation near-infrared interferometer GRAVITY based at the ESO Paranal site. This included assistance by DIAS personnel in the commissioning and early observations of young stars to determine the instruments capabilities.

RadioNet

DIAS became a member of the EU advanced community network RadioNet, along with Trinity College Dublin, in recognition of its involvement in the Irish LOFAR project. RadioNet promotes a European open sky policy for radio astronomy and is supported through H2020 funding. In particular DIAS, with RadioNet funding, will help develop software for optimal LOFAR beam forming when astronomical targets are at varying altitude.

ARIEL

We will be responsible for all beam splitters and filters on the Atmospheric Remote-sensing Infrared Exoplanet Large-survey (ARIEL). ARIEL has been developed by a consortium of European institutes based in the UK, France, Italy, the Netherlands, the Czech Republic, Poland, Belgium, Austria, Denmark, Portugal as well as Ireland. This, of course, will strengthen our international links but in particular we will be working particularly closely with the University of Prague and the Rutherford Appleton Laboratories in Oxford, as collectively we are responsible for the so-called common optics.

Felix Aharonian continued as a member of the Scientific Advisory Committee of the APPEC Astroparticle Physics European Consortium; as chair of the International Advisory Council of the UCCUB Institute of Sciences of the Cosmos, University of Barcelona; and as a member of the Science Advisory Committee of AHEAD, Integrated Activities for the High-Energy Astrophysics Domain of Horizon 2020.

Luke Drury continued as a member of the Science Steering Committee of PRACE, the European Partnership for Advanced Computing; as a member of the Euro-ICSU management group

Scoil na Fisice Cosmaí (ar lean)

ARIEL

Beimid freagrach as na scoiltirí léis agus scagairí ar fad ar an Suirbhé Mór Eiseaplainéid Cianbhrath Infreadhearg (ARIEL). Tá ARIEL forbartha ag cuibhreannas d'institúidí Eorpacha sa Ríocht Aontaithe, an Fhrainc, an Iodáil, an Ísiltír, Poblacht na Seice, an Pholainn, an Bheilg, an Ostair, an Danmhairg, an Phortaingéil agus Éire. Ar ndóigh, láidreoidh sé seo ár naisc idirnáisiúnta ach beimid ag obair go dlúth le hOllscoil Phrág agus Saotharlanna Rutherford Appleton in Oxford go háirithe, toisc go bhfuilimid le chéile freagrach as na hoptaic choitianta, mar a thugtar orthu.

Lean Felix Aharonian de bheith ina bhall de Choiste Comhairleach Eolaíochta an chuibhreannais APPEC (Astroparticle Physics European Consortium); mar chathaoir ar an gComhairle Chomhairleach d'Institiúid Eolaíochtaí an Chosmais UCCUB, Ollscoil Barcelona; agus mar bhall de Choiste Comhairleach Eolaíochta AHEAD, Gníomhaíochtaí Comhtháite don Réimse Réaltfhisice Ardfhuinnimh de Horizon 2020.

Lean Luke Drury de bheith ina bhall den Choiste Stiúrtha Eolaíochta do PRACE (European Partnership for Advanced Computing); mar bhall den ghrúpa bainistíochta Euro-ICSU d'Acadaimh Eorpacha; agus mar Chathaoirleach ar Lárionad Barr Horizon 2020 E-CAM.

Lean Tom Ray mar Chathaoirleach ar Choiste Eolaíochtaí Fisice, Ceimice agus Matamaitice de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann; mar bhall de Bhord Réadlann agus Plainéadlann Ard Mhacha agus mar bhall den Choiste Stiúrtha e-MERLIN sa Ríocht Aontaithe;

Sprioc 3: Ceannairí taighde a mhealladh, a choinneáil agus a chothú

Thosaigh beirt mhac léinn PhD tograí in 2017 sa réaltfhisic ríomhaireachta ag obair le J. Mackey: Sam Green agus Maria Moutzouri. Tá siad ag obair ar ionsamhlúcháin de réaltnéalta tiomáinte ag gaoth agus scaird timpeall ar réaltaí ollmhóra, agus ag déanamh breathnuithe bréige í na sonraí ionsamhlúcháin is féidir a chur i gcomparáid le breathnuithe. Tá S. Green ag díriú ar astú X-gha agus infreadhearg ó bholgáin gaoithe, agus tá M. Moutzouri ag déanamh imscrúdaithe ar astú raidió neamtheirmeach agus próisis ghaolmhara luasghéaraithe cáithníní.

Nascann an taighde seo obair J. Mackey ar réaltaí ollmhóra le láidreachtaí reatha taighde DIAS sa réaltfhisic: déanfar tuarthaí d'astú infreadhearg a thástáil ag Spásteileascóp James Webb (grúpa an Ollaimh Ray), agus tá ríomhanna d'astú X-gha agus luasghéarú cáithníní nasctha le réaltfhisic ardfhuinnimh, áit a bhfuil an-saineolas ag DIAS le is na hOllaimh Drury agus Aharonian. Déanfar tuarthaí d'astú raidió neamhtheirmeacha a thástáil le breathnuithe leis an líonra LOFAR de theileascóp raidió lena n-áirítear an t-eagar nuabhunaithe I-LOFAR i mBiorra, a chuideoidh le tairbhe iomlán a bhaint as an gcuid thábhachtach seo d'infreastruchtúr réalteolaíochta na hÉireann.

Sa bhliain 2017 freisin seoladh an Grúpa nua um Brathadóirí Ionduchtaithe Cinéiteach Micreathoinne (MKIDanna) le tacaíocht ó SFI.

Mheall sé seo saineolaithe idirnáisiúnta chomh maith le saineolaithe náisiúnta: an Dr Gerhard Ulbricht (a bhí in Ollscoil California, Santa Barbara roimhe), an Dr Ivan Colantoni (a bhí in Ollscoil na Róimhe roimhe), agus Colm Bracken (a bhí sa Choláiste na hOllscoil, BÁC). Ina theannta sin ceapadh beirt mhac léinn PhD chuig an ngrúpa in 2017: Eoin Baldwin (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh) agus Mario De Lucia (Ollscoil Naples). Tá an togra seo á rith i gcomhar leis an Lárionad CRANN i gColáiste na Tríonóide BÁC agus Ollscoil Mhá Nuad. Tógfar na brathadóirí réalteolaíochtaí nuae seo i CRANN agus déanfar iad a thástáil inár saotharlann crióiginice in DIAS ag teochtaí faoi bhun 100 mK. Ag druidim le deireadh 2017, ordaíodh an córas crióiginice riachtanach ó Entropy i Munich mar thoradh ar thairiscint Eorpach. Measfar go ndéanfar é a sheachadadh i Meitheamh na bliana 2018.

Le maoiniú ón gComhairle Eorpach um Thaighde (Deontas Ardleibhéil dár teideal *Ejection Accretion Structures in YSOs (EASY)*), Líon Tom Ray dhá phost nua iardhochtúireachta in 2017: an Dr Alessio Caratti o Garatti le hobair ar GRAVITY agus an Dr Simon Purser (a bhíodh in Ollscoil Leeds tráth) le staidéar a dhéanamh ar réaltaí óga ag baint úsáide as LOFAR agus an Eagar An-Mhór Janksy (JVLA). Ceapadh dhá scoláireacht ghaolmhara freisin: Anton Feeney-Johansson (iarchéimí TCD) agus Camille Stock (MSc sa Réaltfhisic, St Andrews). Chláraigh an bheirt mhac léinn i Scoil na Fisice i gColáiste na Tríonóide, BÁC.

of European Academies; and as Chair of the Horizon 2020 Centre of Excellence E-CAM.

Tom Ray continued as Chair of the Royal Irish Academy's Physical Chemical and Mathematical Sciences Committee; a member of the Armagh Observatory and Planetarium Board and as a member of the e-MERLIN Steering Committee in the UK.

Goal 3: Attracting, retaining and cultivating research leaders

Two PhD students started projects in 2017 in computational astrophysics working with J. Mackey: Sam Green and Maria Moutzouri. They are working on simulations of wind- and jet-driven nebulae around massive stars, and making synthetic observations from the simulation data that can be compared with observations. S. Green is focussing on X-ray and infrared emission from wind bubbles, whereas M. Moutzouri is investigating non-thermal radio emission and related particle-acceleration processes.

This research links the massive stars work of J. Mackey with current strengths of DIAS astrophysics research: predictions for infrared emission will be tested by the upcoming James Webb Space Telescope (Prof. Ray's group), and calculations for X-ray emission and particle acceleration link into high-energy astrophysics where DIAS is very well represented by Profs. Drury and Aharonian. Predictions for non-thermal radio emission will be tested by observations with the LOFAR network of radio telescopes including the newly installed I-LOFAR array in Birr, helping to make full use of this key piece of Irish astronomy infrastructure.

2017 also saw the launch of the new SFI-supported Microwave Kinetic Inductance Detector (MKIDs) Group. This attracted international as well as national talent: Dr Gerhard Ulbricht (formerly of the University of California, Santa Barbara), Dr Ivan Colantoni (formerly of the University of Rome), and Colm Bracken (formerly University College Dublin). In addition two PhD students were appointed in 2017 to the group: Eoin Baldwin (University College Cork) and Mario De Lucia (University of Naples). This project is in collaboration with the CRANN Centre in Trinity College Dublin and the Maynooth University. These new astronomical detectors will be manufactured in CRANN and tested in our cryogenics lab in DIAS at temperatures below 100 mK. Towards the end of 2017, the required cryogenic system was ordered from Entropy in Munich following on from a European tender. It is expected to be delivered in June 2018.

With funding from the European Research Council (Advanced Grant entitled *Ejection Accretion Structures in YSOs (EASY)),* Tom Ray filled two new postdoctoral positions in 2017: Dr Alessio Caratti o Garatti to work on GRAVITY and Dr Simon Purser (formerly of the University of Leeds) to study young stars using LOFAR and the Janksy Very Large Array (JVLA). Two associated studentships were also appointed: Anton Feeney-Johansson (TCD graduate) and Camille Stock (MSc in Astrophysics, St Andrews). Both students registered in the School of Physics in TCD.

Donna Rodgers-Lee was awarded a PhD by Trinity College Dublin for her research into disks around young stars. This included both observational work based on data from the Herschel Space Observatory and computational simulations on the growth of the magneto-rotational instability in disks. She subsequently obtained a postdoctoral position at the University of Hertfordshire.

Carlo Romoli was awarded a PhD from Dublin City University for his work on processing data from the H.E.S.S. large CT5 telescope to investigate flaring activity in AGNs and other sources. He was subsequently offered a postdoctoral position in MPK Heidelberg.

Goal 4: Strengthening the disciplines nationally

Massive Stars meetings:

In 2016 a number of new Astronomy and Astrophysics research groups were set up in Ireland to study massive stars, their evolution, and explosion. J. Mackey obtained funding from the IRC New Foundations programme to run a series of meetings linking these researchers to their Northern Irish colleagues at research centres for the evolution (Armagh Observatory and Planetarium, AOP) and explosion (Queens University Belfast) of stars. These meetings aimed to enable knowledge exchange, build collaborations, help group leaders to develop complementary themes of research, and strengthen North-South collaboration in education and public engagement projects. A website was set up at https://www.dias.ie/eestars/ with information relating to the meetings.

The first meeting was held at the Dublin Institute for Advanced Studies on the 25th and 26th of May 2017, with 44 participants from Ireland and overseas. It was great to see the breadth of research being undertaken in the country, and the potential for collaboration and growth. The second meeting took place on the 10th and 11th of August 2017 at AOP, and focused on getting input from international colleagues about the current state of the art and upcoming developments in research, with 33 participants. We discussed both the technical aspects of research and how to build the research base and

Scoil na Fisice Cosmaí (ar lean)

Bhain Donna Rodgers-Lee céim PhD amach ó Choláiste na Tríonóide BÁC as a taighde ar dhioscaí timpeall ar réaltaí óga. D'áirigh sé seo obair bhreathnaithe bunaithe ar shonraí ó Réadlann Spáis Herschel agus ionsamhlúchán ríomhaireachta ar fhás éagobhsaíochta maighéada-rothlaí i ndioscaí. Ina dhiaidh sin fuair sí post iardhochtúireachta in Ollscoil Hertfordshire.

Bhain Carlo Romoli céim PhD amach ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath as a chuid oibre ar shonraí a phróiseáil ó theileascóp mór CT5 H.E.S.S. chun staidéar a dhéanamh ar ghníomhaíocht bladhmtha in AGNann agus foinsí eile. Ina dhiaidh sin tairgeadh post iardhochtúireachta dó in MPK Heidelberg.

Sprioc 4: Na disciplíní a láidriú go náisiúnta

Cruinnithe faoi Réaltaí Ollmhóra:

Sa bhliain bunaíodh roinnt grúpaí taighde nua Réalteolaíochta agus Réaltfhisice in Éirinn chun staidéar a dhéanamh ar réaltaí ollmhóra, a n-éabhlóid, agus pléascadh. Fuair J. Mackey maoiniú ón gclár IRC New Foundations le sraith de chruinnithe a eagrú chun na taighdeoirí seo a nascadh lena gcomhghleacaithe i dTuaisceart Éireann ag lárionaid taighde ar éabhlóid réalatí (Réadlann agus Pleainéadlann Ard Mhacha, AOP) agus pléascadh réaltaí (Ollscoil na Banríona Béal Feirste). Bhí sé d'aidhm ag na cruinnithe seo cuidiú le malartú eolais, comhair a fhorbairt, cuidiú le ceannairí grúpaí téamaí taighde comhlántacha a fhorbairt, agus comhar Thuaidh-Theas a neartú i dtograí oideachais agus rannpháirtíochta poiblí. Bunaíodh suíomh gréasáin ag https://www.dias.ie/eestars/le heolas maidir leis na cruinnithe.

Tionóladh an chéad chruinniú ag Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath an 25 agus 26 Bealtaine 2017, le 44 rannpháirtí ó Éirinn agus thar lear. B'iontach an rud léargas a fháil ar leithead an taighde atá ar siúl sa tír, agus an cumas le comhar agus fás. Bhí an dara cruinniú ann an 10 agus 11 Lúnasa 2017 ag AOP, agus díríodh ar ionchur a fháil o chomhghleacaithe idirnáisiúnta faoi fhorbairtí reatha agus faoi fhorbairtí atá ag teacht sa taighde, le 33 rannpháirtí. Phléamar gnéithe teicniúla an taighde agus freisin conas an bonn taighde a fhorbairt agus ár bpobal a fhás. Bhí an-rath ar na cruinnithe i dtéarmaí aird a dhíriú ar an méid taighde atá á dhéanamh i mbeagnach gach ollscoil ar oileán na hÉireann, agus i dtéarmaí daoine a thabhairt le chéile chun caidreamh a bhunú lena chéile. Bhí dhá ócáid for-rochtana poiblí againn freisin a bhí nasctha leis na cruinnithe: Oíche Oscailte amháin i Réadlann Dhún Sinche (cainteoir: Erkki Kankare ó Ollscoil na Banríona Béal Feirste), agus Oíche Oscoilte amháin ag AOP (cainteoir: Erin Higgins ó AOP).

I ndiaidh na gcruinnithe seo, bhí J. Mackey i gceannas ar thogra le roinnt comhghleacaithe go ndéanfaí óstáil ar an gcéad chruinniú eile ar Réaltaí Ollmhóra de chuid an Aontais Idirnáisiúnta Réalteolaíochta (IAU) in 2020. Tá sé seo roghnaithe ag an gCoimisiún um Réaltaí Ollmhóra mar an togra is fearr a cuireadh isteach agus mar sin, cé go bhfuil roinnt cinntí ardleibhéil le glacadh, tá dóchas againn go dtiocfaidh an cruinniú idirnáisiúnta cáiliúil seo go hÉirinn 2020.



Ablation layer coverage by the Dunsink Observatory.

faoi láthair is iad na teileascóip sa Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas (ESO) sa tSile na cinn is fearr ar domhan chun staidéar a dhéanamh ar réaltaí ollmhóra, mar sin má thógtar an chomhdháil ardiomrá seo chun na hÉireann cuideofar le feasacht ar ESO a ardú agus le haird a dhíriú ar na torthaí ardchaighdeáin a tháirgeann pobal taighde na hEireann ag baint úsáide as áiseanna ESO.

For-rochtain/Oideachas:

Táimid an-bhuíoch dár gcomhpháirtí réalteolaíochta amaitéarach, Cumann Réalteolaíochta na hÉireann (IAS), as a dtacaíocht leanúnach le hoicheanta oscailte poiblí agus imeachtaí eile a reachtáiltear ag Réadlann Dhún Sinche DIAS. Lena gcuid eolais faoi spéir na hóiche agus a ndíograis chun é seo a chur in iúl don phobal, trí chainteanna/plé agus trí theileascóip a bhunú ag ab Réadlann, cuirtear go mór le saibhreas thaithí na gcuairteoirí ar ár n-imeachtaí.

grow our community. The meetings were a great success in terms of highlighting how much research is being done in almost every university on the island of Ireland, and in bringing people together to engage with each other. We also held two public outreach events associated with the meetings: one Open Night at Dunsink Observatory (speaker: Erkki Kankare of Queen's University Belfast), and one Open Night at AOP (speaker: Erin Higgins of AOP).

Following these meetings, J. Mackey led a proposal with some colleagues to host the next Massive Stars Meeting of the International Astronomical Union (IAU) in 2020. This has been selected by the Massive Stars Commission as the best submitted proposal and so, while there are still a number of higher-level decisions to be taken, we are hopeful that this prestigious international meeting will now come to Ireland in 2020. The telescopes of the European Southern Observatory (ESO) in Chile are currently the best in the world for studying massive stars, so bringing this high-profile international conference to Ireland will help to raise awareness of ESO and showcase the high-quality results that the Irish research community produces using ESO facilities.

Outreach/Education:

We are very grateful to our amateur astronomy partner, the Irish Astronomical Society (IAS), for their ongoing support with public open nights and other events held at DIAS Dunsink Observatory. Their knowledge of the night sky and enthusiasm to communicate this to the public, both through talks/discussions and through setting up telescopes at the Observatory, greatly enriches the experience of visitors for our events.

As in previous years, DIAS Dunsink Observatory enthusiastically contributed to National Science Week (12-19th November) with events for schools and the general public. The outreach events were supported by a small grant from SFI to bring in Seanie Morris for two days of rocket workshops, public talks, and Big Bear Planetariums for a day of astronomy learning for schools using a mobile planetarium.

Transition Year Science Week at DIAS Dunsink Observatory:

We started TY Science Week at DIAS Dunsink Observatory at the end of February 2017, based around the SFI-funded meteor cameras and radio antenna installed on the Observatory grounds. These detectors automatically scan the sky and record shooting stars, or meteors, when they come into the field of view, and are detecting over 2200 meteors per year (plus many birds, bats, airplanes and satellites). We had a group of 5 students from Castleknock and the wider Dublin and Kildare areas, and plan to increase this to 15-20 for 2018. A very positive development is that some of the DIAS PhD students are beginning to take on leadership roles in developing the teaching and learning materials for the week, notably Sam Green.

The Transition Year students learn how day-to-day scientific research is done by finding out about meteors and looking at what is recorded by the detectors. Analysing these data, the students use the maths and physics they have learned in school to determine where meteors entered Earth's atmosphere, how fast they were travelling, and where they came from in the Solar System. At the end of the week they present a poster with their findings to the staff of the DIAS Astrophysics Section. There is a strong citizen science emphasis through the NEMETODE network of meteor observers in Ireland and the UK, and through contributions from members of our partner amateur astronomy societies.

The radio antenna is tuned to the GRAVES transmitter in France, and detects radio waves reflected from the meteors back to Earth. Equipment for the cameras and antenna can be purchased off-the-shelf and is used by members of the NEMETODE network of meteor observers in the UK and Ireland. It is developing into a successful professional-amateur collaboration, that has the potential for useful scientific advances as well as education and engagement activities. We also plan to link in to the established meteor observing programme at Armagh Observatory.

Citizen Science Engagement:

We have received very positive feedback about our Citizen Science approach to public engagement and education at DIAS Dunsink Observatory. This adds a different dimension to the TY Week experience, and also allows us to engage better with our amateur astronomy partners, the Irish Astronomical Society (IAS) and the Irish Federation of Astronomical Societies (IFAS).

On the 21st of October 2017 we hosted the NEMETODE Meteor workshop at DIAS Dunsink Observatory, with talks by William Stewart, Michael O'Connell, Mike Foylan, Sam Green, Jonathan Mackey about meteor observing, citizen science, and education. This was followed by hands-on tutorials led by William Stewart and Michael O'Connell on analysis methods, techniques and introduction to software.

Scoil na Fisice Cosmaí (ar lean)

Mar a tharla i mblianta roimhe, ghlac Réadlann Dhún Sinche DIAS páirt go fonnmhar sa tSeachtain Náisiúnta Eolaíochta (12-19 Samhain) le himeachtaí do scoileanna agus don phobal i gcoitinne. Fuair na imeachtaí for-rochtana tacaíocht le deontas beag ó SFI chun Seanie Morris a thabhairt isteach do dhá lá de cheardlanna roicéid agus cainteanna poiblí, agus Pláinéadlanna Big Bear do lá foghlama réalteolaíochta do scoileanna le plainéadlann shoghluaiste.

School of Cosmic Physics Statutory Public Lecture 2017. Prof. Giovanna Timelti, UCL

Léacht Reachtuil Scoil na Fisice Cosmaí 2017. An tOll.Giovanna Timelti, UCL

Seachtain Eolaíochta na hIdirbhliana ag Réadlann Dhún Sinche DIAS:

Thosaíomar Seachtain Eolaíochta na hIdirbhliana ag Réadlann Dhún Sinche DIAS ag deireahd Feabhra 2017, bunaithe ar na ceamaraí dreigí agus aeróg raidió maoinithe ag SFI atá suiteáilte ar thailte na Réadlainne. Déanann na brathadóirí seo scanadh go huathoibríoch ar an spéir agus taifeadadh ar réaltaí reatha, nó dreigí, nuair a thagann siad isteach sa raon amhairc, agus tá siad ag brath breis agus 2200 dreige in aghaidh na bliana (móide neart éan, ialtóg, eitleán agus saitilítí). Bhí grúpa 5 scoláire againn ó Chaisleán Cnucha agus áiteanna eile i mBaile Átha Cliath agus Cill Dara, agus méadófar air seo go 15-20 do 2018. Forbairt an-dearfach is ea go bhfuil roinnt de na mic léinn PhD in DIAS ag glacadh le róil ceannaireachta san fhorbairt ar na hábhair teagaisc agus foghlama don tseachtain, go háirithe Sam Green.

Foghlaimíonn scoláirí na hIdirbhliana faoin gcaoi ina ndéantar taighde eolaíochta ó lá go lá trína fháil amach faoi dhreigí agus féachaint cad a thaifeadann na brathadóirí. Ag déanamh anailíse ar na sonraí seo, baineann na scoláirí úsáid as an mata agus an fhisic atá foghlama acu ar scoil lena ríomh cén áit a tháining dreigí isteach in atmaisféar an Domhain, cé chomh tapa is a bhí siad ag taisteal, agus cad as a dtáinig siad sa Ghrianchóras. Ag deireadh na seachtaine cuireann siad póstaer i láthair lena dtorthaí chuig foireann Rannóg Réaltfhisice DIAS. Tá béim láidir ar eolaíocht an phobail trí líonra NEMETODE na mbreathnóirí dreigí in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, agus trí ionchur ó bhaill dár gcumainn réalteolaíochta amaitéaracha.

Tá an aeróg raidió tiúnáilte leis an tarchuradóir GRAVES sa Fhrainc, agus brathann sé tonnta raidió frithchaite ó na dreigí ar ais chuig an Domhan. Is féidir trealamh do na ceamaraí agus don aeróg a cheannach ón seilf agus baineann baill líonra NEMETODE na mbreathnóirí dreigí in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe úsáid as. Tá sé seo ag forbairt mar chomhoibriú rathúil gairmeach-amaitéarach, a bhfuil sé de chumas aige dul chun cinn eolaíochta úsáideach a dhéanamh chomh maith le gníomhaíochtaí oideachais agus rannpháirtíochta.

Tá sé ar intinn againn freisin nascadh isteach sa chlár breathnaithe dreigí atá bunaithe cheana ag Réadlann Ard Mhacha.

Rannpháirtíocht le hEolaíocht an Phobail:

Tá aiseolas an-dearfach faighte againn faoinár gcur chuige um Eolaíocht an Phobail i dtaca le rannpháirtíocht an phobail agus oideachas ag Réadlann Dhún Sinche DIAS. Cuireann sé seo gné éagsúil le heispéireas Sheachtain na hIdirbhliana, agus ligeann sé dúinn freisin caidramh níos fearr a bheith againn lenár gcomhpháirtithe réalteolaíochta amaitéaracha, Cumann Réalteolaíochta na hÉireann (IAS) agus Cónaidhm Éireannach na gCumann Réalteolaíochta (IFAS).

An 21 Deireadh Fómhair 2017 rinneamar óstáil ar an gceardlann dreigí NEMETODE ag Réadlann Dhún Sinche DIAS, le cainteanna ó William Stewart, Michael O'Connell, Mike Foylan, Sam Green, Jonathan Mackey maidir le breathnú dreigí, eolaíocht an phobail, agus oideachas.

School of Cosmic Physics (continued)



Solarfest
Solarfest

Sun's Corona
Corona na gréine

We plan that this will become an annual focal event for the community, helping to build up the national meteor observing coverage so that we have a network that is observing meteors over the whole of Ireland and surrounding seas.

Solarfest was run again on the 16-18th of June and for once we had great weather with blazing sunshine, allowing for lots of solar observing. The free event consisted of a public open evening on Friday 16th June, an all-day public event on Saturday 17th June and an afternoon family event on Sunday 18th June. DIAS hosted a Media Studies intern from DCU, Hannah Dunne, who helped to promote and report on the event for her work placement as part of her course at DCU. The day was very well attended and there was considerable focus on the solar eclipse in August 2017. Many participants were planning to travel to America to witness the eclipse.

International Dark Matter Day on 31 October was marked by a joint presentation from Luke Drury and Werner Nahm (School of Theoretical Physics) discussing the mystery of dark matter and the evidence for its existence.

Unfortunately due to status red weather warning the annual Hamilton Walk had to be cancelled in 2017.

Scoil na Fisice Cosmaí (ar lean)

Ina dhiaidh sin bhí ranganna teagaisc praiticiúla faoi stiúr William Stewart agus Michael O'Connell maidir le modhanna anailíse, teicnící agus bunchúrsa bogearraí. Tá sé ar intinn againn go mbeadh sé seo ina mhórimeacht bliantúil don phobal, acg cuidiú le forbairt a dhéanamh ar an gclúdach náisiúnta de bhreathnuithe dreigí sa chaoi is go mbeidh líonra againn atá ag breathnú dreigí os cionn iomlán na hÉireann agus na farraigí mórthimpeall.

Ritheadh an fhéile Solarfest arís an 16-18 Meitheamh agus an uair seo bhí aimsir iontach againn le scaladh gréine, a cheadaigh neart breathnuithe gréine. San imeacht seo, a bhí saor in aisce, bhí oíche oscailte phoiblí Dé hAoine 16 Meitheamh, ócáid lae phoiblí Dé Sathairn 17 Meitheamh agus ócáid teaghlaigh san iarnóin, Dé Domhnaigh 18 Meitheamh. Rinne DIAS óstáil ar intéirneach Staidéar na Meán ó OCBÁC, Hannah Dunne, a chuidigh linn an ócáid a chur chun cimm agus tuairisciú air dá socrúchán oibre mar chuid dá cúrsa ag OCBÁC. Bhí tinreamh maith ann ar an lá agus bhí fócas suntasach ar urú na gréine i Lúnasa 2017. Bhí neart rannpháirtithe ag beartú taisteal go Meiriceá chun an t-urú a fheiceáil.

Rinneadh Lá Idirnáisiúnta Damhna Dorcha an 31 Deireadh Fómhair a mharcáil le comh-chur i láthair uaim féim agus Werner Nahm (Scoil na Fisice Teoiriciúla) ag caint faoi rúndiamhar an damhna dorcha agus an fhianaise go bhfuil sé ann.

Ar an drochuair, mar thoradh ar fholáireamh aimsire le stádas dearg, bhí orainn an Siúlóid Hamilton bhliantúil a chur ar ceal in 2017.

Appendix A - seminars given in the Astronomy and Astrophysics Section in 2017

25 January, Dr Carlos del Burgo, INAOE Mexico, Characterization of stars (with and without planets) from absolute flux spectrophotometry obtained with the Hubble Space Telescope

15 February, Dr Nate Bastian, Liverpool University, The Puzzle of Multiple Populations in Globular Clusters

1 March, Dr Luca Matra, University of Cambridge, Exocometary gas in debris disks

27 March, Donna Rodgers-Lee, Presentation as part of her PhD defence, Protoplanetary Disc Evolution

29 March, Dr Ernst de Mooij, Dublin City University, Characterising Alien Worlds: studying the atmospheres of exoplanets

10 April, Dr. Kim-Vy Tran, Texas A&M University, From the FOURGE to the FIRE: Tracking Galaxy Evolution Over 12 Billion Years

2 June, Dr Graeme Wong, University of Western Sydney, The Mopra Southern Galactic Plane CO survey

8 June, Dr Federico Urban, NICPB Tallinn, Searching for UHE Galactic Protons, and all things UHECRs, with Telescope Array

26 July, Dr Ray Jayawardhana, University of York, Characterizing Exoplanets from the Ground and from Space

14 August, Dr. Alexandra Kozyreva, Tel Aviv University, Diversity of pair-instability supernovae

20 September, Dr John Regan, Dublin City University, Formation and Growth of the first Black Holes

3 October, Prof Roberto Maiolino, University of Cambridge, The multiple routes of galaxy transformation

25 October, Dr. Giovanni Rosotti, University of Cambridge, Studying planet formation in the era of ALMA

15 November, Dr. Morgan Fraser, University College Dublin, The golden age of transient astronomy

5 December, Prof. Andrea Ferrara, Scuola Normale Superiore, The Interstellar Medium of High Redshift Galaxies

Appendix B Presentations in 2017 (* denotes significant one)

Felix Aharonian

*27 Feb "Nature's Extreme Accelerators", Rosenblum Lecture, Hebrew University; Jerusalem.

28 Feb "Scientific Objectives of high energy gamma-ray astronomy", Keynote talk at the workshop "High Energy Astrophysics", Racah Institute of Physics, Jerusalem.

10 May "Probing the Origin of Cosmic Rays", Seminar at the Excellence Center "Prizma", University of Mainz.

14 Jun "Gamma Ray Physics in Space", Lecture at the International School of Space Science", L'Aquila, Italy.

*15 Sep "Concluding Remarks", Summary Talk at the 6th International Meeting "High Energy Phenomena in Relativistic Outflows"; Moscow.


Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtachas chórais rialaithe airgeadais inmhéanaigh na hInstitiúide sa bhliain dár críoch 31ú Nollaig 2017.

Dearbhaímid sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha na hInstitiúide. Dearbhaímid go bhfuil córas cuí de rialachas inmheánach agus airgeadais ar bun.

Sínithe thar ceann Chomhairle na hInstitiúide

Vincent Cunnane
Cathaoirleach-Comhairle Na hInstitiúide

Eucharia Meehan
Cláraithheoir

27 Meitheamh 2018

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur i láthair Thithe an Oireachtais Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 iniúchta agam faoin Acht Um Institiúid Ard-Léinn, 1940. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe,
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach,
- an ráiteas ar shuíomh airgeadais,
- an ráiteas ar shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe cuntasaíochta suntasacha.

I mo thuairimse, maidir leis na ráitis airgeadais, tugtar leo léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus suíomh airgeadais na hInstitiúide ag 31 Nollaig 2017 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain 2017 i gcomhréir leis an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102- *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe agus Poblacht na hÉireann.*

Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (ISAnna) mar atá molta ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tugtar cur síos san aguisín ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an Institiúid agus tá mo fhreagrachtaí eitice eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam imleor agus cuí chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

Tuairisc ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an Institiúid chomh maith leis na ráitis airgeadais. Áirítear anseo ráiteas freagrachtaí na Comhairle, an ráiteas maidir le rialú inmheánach agus ráiteas maidir le rialachas agus tuairisc chomhaltaí na Comhairle. San aguisín leis an tuairisc seo, tugtar cur síos ar mo fhreagrachtaí i dtaca leis an bhfaisnéis sin, agus i dtaca le nithe eile a dtugaim cur síos orthu ar bhinn eisceachta.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Colette Drinan
Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

29 Meitheamh 2018

Aguisín leis an tuairisc

Freagrachtaí chomhaltaí na Comhairle

Leagtar amach i ráiteas freagrachtaí na Comhairle freagrachtaí chomhaltaí na Comhairle. Tá comhaltaí na Comhairle freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a leagtar amach faoin den Acht Um Institiúid Ard-Léinn 1940
- a chinntiú go dtugtar leis na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú cé acu an bhfuil sé cuí an bonn gnóthais leantach na cuntasaíochta a úsáid, agus
- cibé rialachas inmheánach a chineann siad atá riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht is cúis leis sin.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoin Acht Um Institiúid Ard-Léinn 1940 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na hInstitiúide agus tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais ina leith.

Is é an aidhm atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cé an bhfuil na ráitis airgeadais mar iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó neamhrialtacht. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní barántas é go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí más ann dó. Féadfaidh míráitis a bheith ann mar thoradh ar chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, iontu féin nó go carnach, go bhféadfaí a mheas go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, cuirimse breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus coinním sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Aithním agus déanaimse measúnú ar rioscaí míráitis ábhartha faoi na airgeadais cibé acu calaois nó neamhrialtacht is cúis leis; déanaimse nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur i gcrích a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighimse fianaise atá imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach mbraithfear míráiteas ábhartha ag eascairt as calaois ná ceann ag eascairt as earráid, toisc go bhféadfaidh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh inteannacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach a bheith ann le calaois.
- Faighimse tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá iomchuí do na cúinsí, ach ní chun críche tuairim a nochtadh maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaimse meastóireacht ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Déanaimse amach cé acu an bhfuil sé oiriúnach bonn gnóthais leantach na cuntasaíochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, cé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann i dtaca le heachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas na hInstitiúide leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má mheasaim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá orm aird a tharraingt i mo thuairisc ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, más rud é nach leor na nochtuithe sin, mo thuairim a leasú. Tá mo thuairimí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas chomh fada le dáta mo thuairisce. D'fhéadfadh ócáidí nó coinníollacha sa todhchaí cur ar an Institiúid stopadh mar ghnóthas leantach, áfach.
- Déanaimse meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais ar an iomlán, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus na bun-eachtraí ar bhealach a bhaineann cur i láthair amach atá cóir.

Cuirimse in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, an scóip agus an t-amú atá beartaithe don iniúchadh agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirím aon chineál de thuairim dearbhaithe ina leith sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, é sin á dhéanamh agam. a mheas cé acu an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más cosúil ar bhealach eile go bhfuil sé míráite go hábhartha. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go ndéanaimse amach go bhfuil míráiteas ábhartha ar an fhaisnéis eile seo, tá orm an fhíric seo a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh le tagairt do na tosca speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistiú agus oibriú. Tuairiscím má tá aon nithe ábhartha a bhaineann leis an gcaoi ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn iniúchta. Tuairiscím má tá aon chás ábhartha ann nár feidhmíodh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nár lean na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím eisceachtaí más rud é, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus mar ba cheart, nó
- nach bhfuil na the ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

	Notaí	2017 €	2016 €
Ioncam	2		
Deontas Oireachtais		6,566,000	6,256,000
Glan-mhaoiniú iarchurtha do shochair scoir	12.c	811,160	990,526
Díolacháin Foilseachán		42,095	38,973
Ioncam Tionscadail	3	2,238,227	1,939,156
Ioncam ForchostasThionscadail		78,356	107,847
Eile	4	10,702	7,476
		9,746,540	9,339,978
Aistriú ó Cúlchiste Caipitil	6	11,654	272,823
		9,758,194	9,612,801
Caiteachas	2		
Scoil an Léinn Cheiltigh		1,675,927	1,063,960
Scoil na Fisice Teoiriciúla		1,633,748	850,644
Scoil na Fisice Cosmaí		4,046,186	3,403,608
Riarachán		2,342,113	4,172,849
		9,697,974	9,491,061
Barrachas don bhliain		**60,220**	**121,740**
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		912,837	791,097
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		**973,057**	**912,837**

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach		2017 €	2016 €
Barrachas don bhliain		60,220	121,740
Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir		(518,000)	765,000
Athruithe i bhfoshuíomhanna atá mar bhonn le luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir		13,000	(6,371,000)
(Caillteanas)/Gnóthachan Achtúireach ar Oibleagáidí Sochair Scoir	**12.b**	**(505,000)**	**(5,606,000)**
Leasú ar Mhaoiniú Sochair Scoir Iarchurtha		**505,000**	**5,606,000**
Iomlán aitheanta don bhliain		**60,220**	**121,740**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 20.

Ruairí Ó hUiginn
Comhalta Den Chomhairle

Dáta 27 Meitheamh 2018

Chris Bean
Comhalta Den Chomhairle

Dáta 27 Meitheamh 2018

Ráiteas Faoi Staid Airgeadais

	Notaí	2017 €	2016 €
Sócmhainní			
Sócmhainní Seasta: Maoin, Fearas agus Treallamh	5	815,653	827,307
Sócmhainní Reatha:			
Airgead sa Lámh agus ag an mBanc		6,185,822	6,062,056
Infháltais	8	721,753	268,081
Infháltais Tionscadail	3.a	214,064	339,592
Sócmhainní Iomlána		**7,937,292**	**7,497,036**
Lúide Dliteanais			
Nithe Iníoctha - Suimeanna le híoc laistigh de bhliain amháin			
Nithe Iníoctha	7	928,077	530,957
Nithe Tionscadail Iníoctha	3.a	4,565,458	4,744,168
Creidiúnaithe - méideanna atá dlite tar éis bliana amháin	7	655,047	481,767
Dliteanais Iomlána Roimh Phinsin		**6,148,582**	**5,756,892**
Sócmhainní lúide dliteanais Roimh Phinsin		**1,788,710**	**1,740,144**
Maoiniú an Phinsin Iarchurtha	12.c	59,123,000	57,807,000
Dliteanais Phinsin	12.b	(59,123,000)	(57,807,000)
		0	**0**
Sócmhainní Glana		**1,788,710**	**1,740,144**
Maoinithe ag:			
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		973,057	912,837
Cúlchiste Caipitil	6	815,653	827,307
		1,788,710	**1,740,144**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 20.

Ruairí Ó hUiginn
Comhalta Den Chomhairle

Dáta 27 Meitheamh 2018

Chris Bean
Comhalta Den Chomhairle

Dáta 27 Meitheamh 2018

Ráiteas Sreabhadh Airgid

	Notaí	2017 €	2016 €
Réiteach barrachais oibríochta chuig glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta			
Barrachas don bhliain		**60,220**	**121,740**
Ús infhaighte	4	(603)	(2,402)
Méadú/(Laghdú) ar Nithe Iníoctha		570,400	(25,346)
(Méadú) ar Infháltais		(453,672)	(2,779)
Glan ardú i gCláir Thaighde agus Táillí		(53,182)	167,815
Dímheas	5	284,451	367,873
Aistriú Cúlchiste Caipitil	6	(11,654)	(272,823)
Caillteanas ar dhiúscairt		-	3,421
Glan insreabhadh Airgid tirim ó ghníomhaíochtaí oibríochta		**395,960**	**357,499**
Ráiteas Sreabhadh Airgid			
Glan insreabhadh airgid tirim ó ghníomhaíochtaí oibríochta		395,960	357,499
Aischuir ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais			
Ús Bainc Infhaighte	4	603	2,402
Caiteachas Caipitiúil			
Ceannach Sócmhainní Inláimhsithe	5	(272,797)	(98,471)
Ardú ar Airgead		**123,766**	**261,430**
Réiteach glaninsreabhadh airgead tirim chuig gluaiseacht i nglanchistí			
Ardú ar Airgead Tirim		123,766	261,430
Iarmhéid faoin 1 Eanáir		6,062,056	5,800,626
Iarmhéid faoin 31 Nollaig		**6,185,822**	**6,062,056**

Anailís ar athrú i nglanchistí	**Airgead infhaighte sa Bhanc** €	**Airgead infhaighte sa Bhanc** €
I dtús na bliana	6,062,056	5,800,626
Sreabhadh Airgid	123,766	261,430
Ag deireadh na bliana	**6,185,822**	**6,062,056**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 20.

Ruairí Ó hUiginn
Comhalta Den Chomhairle

Dáta 27 Meitheamh 2018

Chris Bean
Comhalta Den Chomhairle

Dáta 27 Meitheamh 2018

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

1. Polasaithe Chuntasaíochta

Bunaíodh an Institiúid faoin Acht um Institiúid Ard-Leighinn, 1940.

Áirítear ar a cuid feidhmeanna saoráidí a sholáthar le hard-léinn a chur chun cinn tuilleadh agus le taighde a dhéanamh i mbrainsí speisialtachta eolais. Tá trí Scoil inti - Scoil an Léinn Cheiltigh, Scoil na Fisice Teoiriciúla agus Scoil na Fisice Cosmaí.

a) Bunús Cuntasaíochta

Seo é an chéad chnuasach de ráitis airgeadais ullmhaithe ag Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais, lena n-áirítear FRS 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aointaithe agus I bPoblacht na hÉireann" ("FRS 102").

Chun ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102 ní mór meastacháin criticiúla cuntasaíochta áirithe a úsáid. Éilítear leis freisin go ndéanfaidh an bhainistíocht breithiúnas agus beartais chuntasaíochta na hInstitiúide á gcur i bhfeidhm. (Féach Nóta 19).

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil agus comhlíonann siad caighdeáin tuairiscithe airgeadais na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm:

b) Deontais Oireachtais

Taispeántar ioncam ar bhunús airgid isteach.

c) Sócmhainní Seasta

Is éard is Sócmhainní Seasta ann ná troscán, trealamh, ríomhairí agus mótarfheithiclí na hInstitiúide agus taispeántar iad ag costas lúide dímheas carntha. Is mar seo a leanas atá na rátaí dímheasa, ríofa ar bhunús dronlíneach:-

Troscán agus Trealamh	10%
Ríomhairí	25%
Mótarfheithiclí	25%

Faightear áitribh atá i seilbh na hInstitiúide ar léas ó Oifig na nOibreacha Poiblí. Ag gach tuairiscithe déanann an Institiúid measúnú cé acu an bhfuil aon chomhartha de bhearnúchán ann. Má tá a leithéid de chomhartha ann, déantar méid in-aisghabhála na sócmhainne a ríomh, is é sin an ceann is airde idir an luach cóir lúide costais le díol agus a luach in úsáid. Aithnítear caillteanas bearnúcháin má sháraíonn an tsuim ghlanluacha an tsuim in-aisghabhála.

Cinntear gnóthachain agus caillteanais ar dhiúscairtí trí chomparáid a dhéanamh idir na fáltais agus an tsuim in-aisghabhála agus aithnítear iad laistigh den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Sócmhainní Oidhreachta

Coinníonn agus cothabhálann an Institiúid sócmhainní oidhreachta áirithe, amhail leabharlanna ina bhfuil bailiúcháin de lámhscríbhinní, leabhair agus paimfléid, chomh maith le hionstraimí eolaíochta ársa. Caomhnaíonn an Institiúid na sócmhainní seo do thaighde agus d'imeachtaí poiblí.

I gcomhréir le caighdeán cuntasaíochta FRS102, ní dhéantar sócmhainní oidhreachta a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2007 a chaipitliú sna ráitis airgeadais toisc go meastar nach féidir aon luach fiúntach a lua leo mar thoradh ar easpa eolais ar an mbunchostas agus toisc nach féidir na sócmhainní seo a inréadú go héasca. Ina theannta sin, ní féidir luacháil sheachtrach a fháil ar chostas réasúnta.

Ní bhfuarthas aon sócmhainní oidhreachta i ndiaidh 1 Eanáir 2007. Áirítear na costais caomhnaithe agus caomhantais go léir de réir mar a thabhaítear iad.

d) Cúlchiste Caipitil

Léiríonn cúltaca caipitiúil luach neamh-amúchta ioncaim a úsáidtear le Sócmhainní Seasta a cheannach.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1. Polasaithe Chuntasaíochta (ar lean)

e) Leabharlann

Díscríobhtar caiteachas ar leabhair leabharlainne agus ábhair sa bhliain a dtabhaítear é.

f) Foilseacháin

Díscríobhtar caiteachas ar fhoilseacháin sa bhliain a dtabhaítear é.

g) Aoisliúntas

Feidhmíonn Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath scéim phinsin shochair shonraithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a imíonn tú ó chistí atá ar fáil dó, lena n-áirítear cistí a chuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail foirne.

Feidhmíonn Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath freisin an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair), is í sin scéim sochair scoir le sochair sainithe do do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Cuirtear ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Singil ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a thuilleann fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a bhíonn coinnithe ag Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath. Aithnítear suim a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé inaisghabhála go ndéantar é a fhritháireamh in aghaidh deontais a bhíonn faighte sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a ghlanadh.

Tá gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dhliteanais na scéime léirithe sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is féidir a aisghabháil ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Léiríonn na dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin don todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh aisghafa i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

h) Tionscadail

Faigheann Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath maoiniú seachtarach ó thionscal, ó chomhlachtaí rialtais, agus ó Choimisiún na hEorpa. Coinnítear cairt chuntais i gcás gach tionscadal. Léirítear ioncam agus caiteachas ar thionscadail sna ráitis airgeadais sa bhliain lena mbaineann siad. Taispeántar barrachas nó easnamh tionscadail sna ráitis airgeadais nuair a léirítear sin.

i) Infháltais

Tomhaistear infháltais ghearrthéarma ag praghas an idirbhirt, lúide bearnú ar bith.

j) Nithe Iníoctha

Tomhaistear nithe iníoctha gearrthéarma ag praghas an idirbhirt.

k) Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid

Léirítear airgead tirim le hairgead ar láimh agus taiscí le hinstitiúidí airgeadais iníoctha gan pionós ar fhógra nach mó ná 24 uair a' chloig. Is éard is coibhéisí airgid ann infheistíochtaí an-leachtacha a thagann in aibíocht tráth nach mó ná trí mhí ó dháta an tsealbhaithe agus atá inaistrithe go héasca chuig suimeanna aitheanta airgid le riosca neamhsuntasach d'athrú sa luach.

l) Ionstraimí Airgeadais

Ní théann an Institiúid isteach ach in idirbhearta um bhunionstraimí airgeadais a mbíonn aitheantas ar shócmhainní agus dliteanais airgeadais mar thoradh orthu amhail cuntais trádála agus cuntais infhála agus iníoctha eile. Taifeadtar bunionstraimí airgeadais ar phraghas an idirbhirt.

m) Pá Saoire

Aithnítear dliteanas go feadh mhéid teidlíochta pá saoire nár úsáideadh atá fabhraithe ar dháta an chláir chomhardaithe agus tógtha ar aghaidh chuig tréimhsí sa todhchaí. Tomhaistear é seo ag costas tuarastail neamhlascainithe na teidlíochta saoire sa todhchaí agus fabhraítear é ar dháta an chláir chomhardaithe.

1. Polasaithe Chuntasaíochta (ar lean)

n) Léasanna oibriúcháin

Gearrtar cíosanna atá iníoctha faoi léasanna oibriúcháin ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear iad thar téarma an léasa.

o) Airgeadra Feidhmiúil

Is é an euro airgeadra feidhmiúil agus láithritheach na hInstitiúide.

p) Deontais Neamh-Thionscadail.

Taifeadtar deontais ó thríú páirtithe sna ráiteas airgeadais ag baint úsáide as an Modh Fabhruithe agus leithdháiltear ar ioncam iad sa chaoi is go meaitseáiltear iad leis an gcaiteachas ábhartha lena mbaineann siad.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais (ar lean)

2. Anailís Shonraithe d'Ioncam & Caiteachas don bhliain dár críoch 31/12/2017

IONCAM	Nótaí	Léann Cheilteach €	Fisic Theoiriciúil €	Fisic Chosmach €	Riarachán €	2017 Iomlán €	2016 Iomlán €
Deontais Oireachtais		1,611,420	969,532	2,339,860	1,645,188	6,566,000	6,256,000
*Glanmhaoiniú iarchurtha do Shocahir Pinsin	12.c	255,676	54,281	350,038	151,166	811,160	990,526
Díolacháin Foilseachán		42,095	-	-	-	42,095	38,973
Ioncam Tionscadail	3.a	53,127	86,329	2,098,771	-	2,238,227	1,939,156
Ioncam ForchostasThionscadail		-	-	-	78,356	78,356	107,847
Ioncam Eile	4	603	8,360	1,096	643	10,702	7,476
		1,962,921	1,118,502	4,789,765	1,875,353	9,746,540	9,339,978
Aistriú (chuig) ó Chúlchiste Caipitil		-	-	-	11,654	11,654	272,823
		1,962,921	1,118,502	4,789,765	1,887,007	9,758,194	9,612,801
CAITEACHAS							
Costais Phárolla	9	1,064,972	794,830	1,493,564	775,989	4,129,355	3,756,498
*Costais Sochair Scoir	12.a	440,983	656,745	677,912	480,753	2,256,393	2,378,027
Costais Tionscnamh	3.a	45,810	69,312	1,690,828	-	1,805,950	1,852,150
Stóráil Leabharlainne agus Leabhar		37,248	65,206	32,102	-	134,556	151,514
Dímheas	5	-	-	-	284,451	284,451	367,873
Cíos, Rátaí agus Árachas		-	-	-	200,819	200,819	206,345
Costais Ghinearálta	10	13,054	1,933	34,817	191,974	241,778	183,674
Costais Taistil agus Seimineáir		17,249	28,467	72,487	5,789	123,992	97,541
Cothabháil Áitribh agus Slándáil		-	-	-	169,895	169,895	166,443
Costais ríomhairí agus Idirlín		1,126	14,610	38,055	74,623	128,414	130,805
Breosla Solas agus Cumhacht		-	-	-	121,752	121,752	121,912
Post agus Teileafón		-	-	-	21,373	21,373	23,171
Páipéarachas		7,349	1,347	2,577	8,012	19,285	14,851
Foilseacháin		46,627	-	-	-	46,627	21,593
Fógraíocht		578	-	-	5,181	5,759	369
Mion Trealamh Oifige		931	1,298	3,844	1,502	7,575	14,874
Caillteanas ar dhiúscairt	6	-	-	-	-	-	3,421
		1,675,927	1,633,748	4,046,186	2,342,113	9,697,974	9,491,061
BARRACHAS/DON BHLIAIN		**286,994**	**(515,246)**	**743,579**	**(455,107)**	**60,220**	**121,740**
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		254,834	105,338	1,959,115	(1,406,450)	912,837	791,097
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		**541,828**	**(409,908)**	**2,702,694**	**(1,861,557)**	**973,057**	**912,837**

Nóta (a) * Déantar an Maoiniú Iarchurtha Glan do Shochair Scoir a leithdháileadh ar bhonn pro rata chuig an tsuim a íocadh le pinsinéirí sa bhliain.
* An Maoiniú Iarchurtha Glan do Chostais Sochair Scoir a leithdháileadh ar bhonn pro rata chuig na ranníocaíochtaí ón bhfoireann sa bhliain.
Nóta (b) B'ionann agus €356,349 iomlán na bhforchostas a tuilleadh ar thograí in 2017, Tá €78,356 den bhforchostas tograí a tuilleadh curtha chun creidiúint an Riaracháin.
Nóta (c) Cionroinneadh costais a bhaineann go díreach le taighde (m.sh. pá, leabharlann, costais ríomhaire, taisteal) ar an scoileanna. Gearradh forchostais ar nós cíos, árachas, fóntais agus cothabháil maoine ar Riarachán.
Nóta (d) Deontais Fuarthas suim €6,566,000 (2016: €6,256,000) ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Tugann an Roinn Oideachais agus Scileanna an deontas i gcomhair dliteanas faoi chostais pá agus neamhphá ghinearálta agus tarraingíonn an Institiúid aníos í ar bhonn bliantúil.

3. (a) Tionscadail

	2017 €	2016 €
Iarmhéideanna Tosaigh	4,404,578	4,236,763
Admhálacha	2,185,045	2,106,971
	6,589,623	6,343,734
Iarmhéideanna Deiridh (Féichiúnaithe €214,064 Creidiúnaithe €4,565,458)	(4,351,396)	(4,404,578)
Curtha i bhfeidhm mar ioncam	2,238,227	1,939,156
Leithroinnt Ioncaim		
Scoil an Léinn Cheiltigh	53,127	37,990
Scoil na Fisice Teoiriciúla	86,329	7,088
Scoil na Fisice Cosmaí	2,098,771	1,894,078
	2,238,227	1,939,156
Ioncam Iomlán Thionscadal	2,238,227	1,939,156

Costais Tionscadal

	Léann Cheilteach €	Fisic Theoiriciúil €	Fisic Chosmach €	2017 Total €	2016 Iomlán €
Íocaíochtaí chuig Páirtithe/ Comhlachais	-	-	-	-	186,947
Tuarastail/Scoláireachtaí	35,159	57,991	1,259,268	1,352,418	1,161,488
Taisteal				-	
	-	1,258	68,191	69,449	78,627
	-	1,658	107,426	109,084	150,267
Eile	10,651	8,405	255,943	274,999	274,821
Costas Iomlán Tionscadal	45,810	69,312	1,690,828	1,805,950	1,852,150

Líon na mBall Foirne Taighde agus Scoláirí Maoinithe go Seachtrach (WTE) 51 (2016: 34).
Le haghaidh eolais maidir le líon na mball foirne lárnacha agus scoláirí, téigh chuig leathanach 16.

3. (b) Sonraí Tionscadail

	Udarás Cistiúcháin	Iarmhéid Tosaigh €	Admhálacha €	Caiteachas Aisfhillteach €	Curtha I bhfeidhm mar Ioncam (Caipteal san áireamh) €	Iarmhéid Deiridh €	Caipiteal €
Scoil an Leinn Cheiltigh							
Irish Script on Screen		14,587	-	-	-	14,587	-
Celtic Summer School		3,553	11,070	10,651	14,623	-	-
Ogham	Dept. Arts	(1,720)	30,000	24,935	28,280	-	-
Peadar O Muircheartaigh IRC Fellowship	IRC	-	21,353	10,224	10,224	11,129	
Iomlán-Leánn Ceilteach		**16,420**	**62,423**	**45,810**	**53,127**	**25,716**	**-**

3. (b) Sonraí Tionscadail (ar lean)

	Udarás Cistiúcháin	Iarmhéid Tosaigh €	Admhálacha €	Caiteachas Aisfhillteach €	Curtha I bhfeidhm mar Ioncam (Caipteal san áireamh) €	Iarmhéid Deiridh €	Caipiteal €
Scoil na Fisice Teoiriciúla							
Bethe Ansatz	SFI	8,402	-	196	8,402	-	-
T.Tchrakian	SFI	4,118	-	2,320	4,118	-	-
G. Kells	SFI	129,780	-	45,650	52,663	77,117	7,726
S Kovacik IRC Fellowship	IRC	-	22,947	10,293	10,293	12,654	-
D Benincasa IRC Fellowship	IRC	-	22,948	10,853	10,853	12,095	-
Iomlán-FisicTheoiriciúil		**142,300**	**45,895**	**69,312**	**86,329**	**101,866**	**7,726**
Scoil na Fisice Cosmaí							
Nam Conference	A. Observ'tory	4,769	-	-	-	4,769	-
KM3Net -PP	EC	-	-	-	-	-	-
NGST Project	ESA	150,883	46,296	171,720	171,720	25,459	-
EASY T. Ray 2014	SFI	15,273	51,228	22,254	66,501	-	44,039
E.O' Gorman Fellow	IRC	12,167	22,947	34,112	35,114	-	-
Horizon 2020 Catalyst MKID	SFI	15,002	-	17,449	17,449	(2,447)	-
J Mackey Royal Society Fellowship	Royal Society	(12,482)	122,404	68,878	89,587	20,335	-
IRC New Horizons DIAS/UCD	IRC	19,838	-	38,782	40,875	(21,037)	-
MKID Camera IP Tray	SFI	260,335	-	160,367	233,165	27,170	64,833
R Garcia Lopez Dig Deep EC Fellowship	EC	108,688	-	30,179	47,071	61,617	1,874
J Mackey Science Week Grant	SFI	313	103	416	416	-	-
Maria Koutoulaki IRC Scholarship	IRC	6,733	24,000	21,814	21,814	8,919	-
J Mackey IRC New Foundations	IRC	10,000	-	10,039	10,000	-	-
Radionet EC Project	EC	-	53,889	6,586	5,222	48,667	3,743
T Ray ERC Easy	EC	-	648,582	63,243	84,633	563,949	11,279
Iomlán-Réaltfhisic		**591,519**	**969,449**	**645,839**	**823,567**	**737,401**	**125,768**

3. (b) Sonraí Tionscadail (ar lean)

	Udarás Cistiúcháin	Iarmhéid Tosaigh €	Admhálacha €	Caiteachas Aisfhillteach €	Curtha I bhfeidhm mar Ioncam (Caipteal san áireamh) €	Iarmhéid Deiridh €	Caipiteal €
Geophysics Schools Seismology	Various	9,592	-	2,383	2,383	7,209	-
CTBTO	Dept.For. Affairs	5,322	-	2,457	2,457	2,865	-
GIANICE 11	SFI	14,524	7,538	4,427	22,062	-	12,302
SIRG E2174	SFI	(4,983)	56,397	27,984	51,414	-	-
ESA UWB Grant	ESA	16,071	-	2,103	7,103	8,968	5,000
IRECCSEM	SFI	(8,716)	27,821	19,072	19,105	-	-
Structure and Seismicity of Ireland's Crust	SFI	128,538	110,402	105,688	118,226	120,714	3,173
PIPCO	Industry	26,335	-	9,680	26,335	-	2,698
Winterc-3D Fullea Fellow	EC	(47,226)	65,753	18,524	18,527	-	-
4DARTIC	Industry	24,072	-	14,272	24,072	-	10,000
ICRAG	SFI	193,338	214,693	456,896	548,979	(140,948)	18,743
Shallow Crust Fellow	SFI	8,790	9,318	18,107	18,108	-	-
V. Rath GSI Short Call	GSI	1,500	-	1,500	1,500	-	-
iMARL Infrastructure	SFI	2,956,176	-	-	5,105	2,951,071	5,105
Geo External Services	Various	-	51,500	22,751	22,751	28,749	
ERC Development iTHERC	SFI	262,791	-	143,586	178,649	84,142	14,476
NIAP-PassVel	Marine Institute	9,976	-	-	-	9,976	-
Duygu Kiyan Fellowship	SFI	58,239	-	59,822	64,691	(6,452)	-
IRC Geotherm	IRC	-	69,996	32,458	37,525	32,471	2,534
ESA 3D Earth	ESA	-	20,000	63,179	63,179	(43,179)	-
GSI Fellowship P Arroucau	GSI	-	44,757	37,110	39,825	4,932	-
SEA-SEIS	SFI	-	154,218	-	-	154,218	-
GSI Shortcall HERSK M. Molhoff	GSI	-	12,400	-	-	12,400	-
GSI Shortcall C. Bean 2017-SC-046	GSI	-	12,485	2,990	3,208	9,277	-
GSI Seismic Network Support	GSI	-	250,000	-	-	250,000	-
Iomlán-Geoifisic		**3,654,339**	**1,107,278**	**1,044,989**	**1,275,204**	**3,486,413**	**74,031**
Iomlán Fisic Chosmach		**4,245,858**	**2,076,727**	**1,690,828**	**2,098,771**	**4,223,814**	**199,799**
Iomlán DIAS		**4,404,578**	**2,185,045**	**1,805,950**	**2,238,227**	**4,351,396**	**207,525**

Nótaí
Áirítear fáltais ó thograí mar ioncam ó thograí, ar leibhéal atá ionann agus an caiteachas bliantúil a tabhaíodh agus forchostais a tuilleadh ag an togra lena mbaineann. Is ionann na comharduithe deiridh thuas agus forchostas a tuilleadh go dtí seo agus réamh-mhaoiniú chun ceangaltais airgeadais in 2018 a shásamh. Léiríonn an colún caipitil an caiteachas ar shócmhainní seasta i rith 2017.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais (ar lean)

4. Ioncam Eile

	2017 €	2016 €
Ús bainc	603	2,402
Táillí & Deontais	7,040	1,885
Eile	3,059	3,189
Iomlán	10,702	7,476

5. Sócmhainní Seasta

Costais	Troscán & Trealamh €	Mótarfheithicilí €	Ríomhairí €	Iomlán €
Iarmhéid Tosaigh 1/1/2017	3,822,259	15,131	2,295,351	6,132,741
Breiseanna *	132,845	-	139,952	272,797
Riartha	-	-	(3,456)	(3,456)
	3,955,104	15,131	2,431,847	6,402,082
Dímheas				
Iarmhéid Tosaigh 1/1/2017	3,163,369	5,417	2,136,648	5,305,434
Muirear	199,871	3,780	80,800	284,451
Riartha	-	-	(3,456)	(3,456)
	3,363,240	9,197	2,213,992	5,586,429
Luach glan de réir na leabhar 31/12/2017	591,864	5,934	217,855	815,653
Luach glan de réir na leabhar 31/12/2016	658,890	9,714	158,703	827,307

Nota
* Caipitlítear na sócmhainní seasta de bhreis ar €1,000 I leabhair DIAS.

6. Cúlchiste Caipitil

	2017 €	2016 €
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	827,307	1,100,130
Aistriú ó/(chuig) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Ioncam leithroinnte le sócmhainní seasta a fháil (Maoinithe ag Tionascadal)	207,525	85,373
Ioncam leithroinnte le sócmhainní seasta a fháil (Maoinithe ag an Státchiste)	65,272	13,098
Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní	(284,451)	(367,873)
Méid scaoilte ar dhiúscairtí	-	(3,421)
	(11,654)	(272,823)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**815,653**	**827,307**

7. Creidiúnaithe - Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin

	2017 €	2016 €
Creidiúnaithe Trádála	229,360	101,232
Fabhruithe	432,092	255,263
CBL	117,703	35,713
Nithe Iníoctha Ioncaim	148,922	138,749
	928,077	530,957

Creidiúnaithe dlite tar éis dhá mhí dhéag		2017 €	2016 €
Tá an t-airgead a bhaineann leo seo sealbhaithe mar éarlais.			
Comhdhéanta as:	Vernam Hull Bequest	25,272	25,247
	Carmody Fund	2,461	2,461
	Cuntas Rialaithe Sochair Scoir	627,314	454,059
		655,047	481,767

8. Féichiúnaithe

	2017 €	2016 €
Réamhíocaíochtaí	703,160	144,651
Infháltais ó Dhíolacháin Leabhar	3,292	3,872
Ilnithe	15,301	13,340
Féichiúnaí	-	106,218
	721,753	268,081

9. Costais Phárolla

	Léann Cheilteach €	Fisic Theoiriciúil €	Fisic Chosmach €	Riar. €	2017 Iomlán €	2016 Iomlán €
Poist Lárnacha Maoinithe						
Tuarastal/Pá	965,473	720,686	1,351,053	658,572	3,695,784	3,417,040
Costais Sochair Scoir	-	-	-	117,417	117,417	49,395
Scoláireachtaí	100,000	73,992	142,510	-	316,502	288,314
Airgead Oinigh	-500	152	-	-	-348	1,749
	1,064,973	794,830	1,493,563	775,989	4,129,355	3,756,498

Nóta maidir le Poist Lárnacha Maoinithe
* Líon na mBall Foirne Lárnach (WTE) 51.5 (2016:50.5), Líon ECF (WTE) 55 (2016: 55).
** Scoláirí Lárnacha (WTE) 13 (2016: 14).
Le haghaidh eolais maidir le taighdeoirí a mhaoinítear go seachtrach, téigh chuig leathanach 13.

Íocadh asbhaintí do thobhach pinsin de €214,857 (2016: €224,492) leis an Roinn Oideachais agus Scileanna le linn 2017.

Pá na bPríomhbhall Bainistíochta
Áiríonn na príomhbhaill bainistíochta an Cláraitheoir agus an fhoireann shinsearach bainistíochta as a raibh costas €621,910 (2016 €599,765) sa bhliain.

9. Costais Phárolla

(a) Iomlán na Sochar Fostaithe

	Léann Cheilteach €	Fisic Theoiriciúil €	Fisic Chosmach €	Riar. €	2017 Iomlán €	2016 Iomlán €
Tuarastail/Pá	910,486	656,915	1,281,269	608,383	3,457,053	3,182,121
Ragobair	-	-	-	-	-	-
Liúntais	-	-	-	-	-	-
ÁSPC Fostóra	54,987	63,771	69,784	50,189	238,731	234,919
Costais Sochair Scoir	-	-	-	117,417	117,417	49,395
	965,473	720,686	1,351,053	775,989	3,813,201	3,466,435

10. Speansais Ghinearálta

	Léann Cheilteach €	Fisic Theoiriciúil €	Fisic Chosmach €	Riar. €	2017 Iomlán €	2016 Iomlán €
Ilghnéitheach	6,365	1,019	16,154	19,330	42,868	50,211
* Bolscaireachtaí/Lóin	5,064	914	7,113	11,039	24,130	14,944
Táillí Gairmiúla/ Comhairleoireacht	-	-	-	126,146	126,146	80,214
Oiliúint	1,625		11,550	1,780	14,955	5,955
Costais Bainc	-	-	-	1,636	1,636	1,140
Speansais Chruinnithe Boird	-	-	-	23,510	23,510	26,771
Sláinte agus Sábháilteacht	-	-	-	8,533	8,533	4,439
	13,054	1,933	34,817	191,974	241,778	183,674

Nota
B'ionann agus €13,435 an Caiteachas Fáilteachais in 2017

Táillí Gairmiúla/Costais Comhairleoireachta

	2017 Iomlán €	2016 Iomlán €
Costais Earcaíochta	38,576	5,106
Costais Poiblíochta	7,780	-
Iniúchtaí Inmheánacha/Seachtracha	31,230	22,858
Athbhreithniú Rialachais	5,289	-
Táillí Dlí	18,946	19,054
Athbhreithnithe Eile agus Comhairleoireachtaí Ginearálta	24,325	33,196
	126,146	80,214

11. Léasáil

Léasanna Oibríochta

Tá na háitribh atá i seilbh na hInstitiúide ar léas ó Oifig na nOibreacha Poiblí. Is iad na háitribh a n-airítear ná Réadlann Dhún Since, 5 Cearnóg Mhuirfean, 9-10 Bóthar Burlington agus 31Plás Mhic Liam. Tá téarma 83 bliana fágtha ar an léas do Réadlann Dhún Since agus athnuaitear na léasanna eile ar bhonn bliantúil. Is é tiomantas ar bhonn léasanna den sórt sin maidir le 2018 na €113,609.

Léasanna Oifig na nOibreacha Poiblí	**Cíos Bliantúil €**
Réadlann Dhún Since	330
5, Cearnóg Mhuirfean	5,022
9-10 Bóthar Burlington	50,167
31, Plás Mhic Liam.	58,090
	113,609

An 31 Nollaig 2017 bhí na híocaíochtaí léasa íosta seo a leanas ag an Institiúid faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

	2017 €	**2016 €**
Iníoctha laistigh de bhliain amháin	113,609	113,609
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	990	990
I ndiaidh cúig bliana	25,410	25,740

12. Costais Sochair Scoir

a) Anailís ar na costais iomlána pinsin curtha chun dochair do Chaiteachas

	2017 (€'000)	**2016 (€'000)**
Costas na Seirbhíse Reatha	1,396	1,226
Ús ar Dhliteanais Sochair Pinsin	999	1,280
Ranníocaíochtaí Fostaí	(139)	(128)
	2,256	2,378

b) Gluaiseacht i nGlan-Dliteanas Sochair Scoir i rith na bliana airgeadais

	2017 (€'000)	**2016 (€'000)**
Glan-Dliteanas Sochair Pinsin amhail an 1 Eanáir	(57,807)	(51,210)
Costas na Seirbhíse Reatha	(1,396)	(1,226)
Costais Úis	(999)	(1,280)
(Gnóthachan)/caillteanas achtúireach	(505)	(5,606)
Sochair Pinsin íoctha sa bhliain	1,584	1,515
Glan-Dliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig	(59,123)	(57,807)

12. Costais Sochair Scoir

c) Cistiú Iarchurtha do Phinsin

Aithníonn DIAS na méideanna seo mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin bunaithe ar na toimhdí thuaslaithe agus ar roinnt imeachtaí a tharla cheana. Áirítear ar na himeachtaí seo an bonn reachtúil chun sceim aoisliúntais a bhunú, agus an polasaí agus an cleachtas i ndáil le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostóirí agus próiseas na measteacháin bliantúil. Cé nach bhfuil aon socrú foirmiúil maidir leis na méideanna sonracha seo déanta leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, níl aon fhianaise ag DIAS nach leanfaidh an polasaí maoinithe seo de bheith ag freastal ar a leithéid de shuimeanna de réir an chleachtais reatha.

Sa Chuntas Ioncam agus Caitheachais, aithníodh an Glan-Mhaoiniú Iarchurtha do Phinsin sa bhliain mar seo leanas:

	2017 (€'000)	2016 (€'000)
Maoiniú inaisghabhála i ndáil le costais phinsin na bliana reatha	2,395	2,506
Deontas Stáit feidhmithe chun pinsinéirí a íoc	(1,584)	(1,515)
	811	991

Ba í €59.123 milliún (2016: €57.807 milliún) an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin amhail an 31 Nollaig 2017.

d) Stair na nOibleagáidí faoin scéim shochair shainithe.

	2017 (€'000)	2016 (€'000)	2015 (€'000)
Oibleagáidí Shochair Shainithe.	59,123	57,807	51,210
(Gnóthachain)/caillteanais iarbhíre ar dhliteanais na scéime.	518	(765)	(1,256)
Céatadán de Luach Dhliteanais na Scéime.	0.88%	(1.32%)	(2.50%)

Tá (gnóthachan)/caillteanas achtúireach carnach €7,643,000 (2016: €7,138,000) aitheanta sa Ráiteas d'Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta.

e) Cur síos ginearálta ar an Scéim

Is é atá sa scéim pinsean ná socrú aoisliúntais shochair shonraithe chríoch-thuarastail le sochair agus ranníocaíochtaí sainithe ag rialacháin reatha scéime 'eiseamláire' na hearnála poiblí. Soláthraíonn an scéim pinsean (ochtóidí in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí hochtóidí in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus leanaí. Is é an 65ú breithlá an Ghnáthaois Scoir agus tá baill a thosaigh roimh 2004 i dteideal éirí as ag aois 60 gan aon laghdú achtúireach ó aois 60. De ghnáth, méadaíonn na pinsin atá á n-íoc (agus pinsin iarchurtha) de réir bhoilsciú ginearálta na hearnála poiblí. Bunaíodh an luacháil a úsáideadh i gcás nochtadh faisnéise faoi FRS17 ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire neamhspleách cáilithe a chuir ceanglais FRS san áireamh chun dliteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2017 a mheasúnú.

Is í an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéinm Aonair) an scéim um shochar scoir le leas sainithe do sheirbhísí poiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Tá foráil sa scéim do shochar scoir agus cnapshuim scoir bunaithe ar mheán gairme de phá inphinsin agus pinsin céile agus leanaí. Is í an aois pinsin íosta 66 bliana (ag éirí i gcomhréir le hathruithe in aois pinsin an Stáit). Áirítear áis luathscoir laghdaithe go hachtúireach ó aois 55. Ardaíonn Sochair Scoir atá á n-íoc i gcomhréir leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

12. Costais Sochair Scoir (ar lean)

Is mar a leanas a bhí na príomh-thoimhdí achtúireacha a úsáideadh:

	2017	2016	2015
Ráta na nArduithe Tuarastail	2.75%	2.50%	2.50%
Ráta Ardaithe i Sochair Pinsin atá á n-Íoc	2.25%	2.00%	2.00%
Ráta Lascaine	2.00%	1.75%	2.50%
Ráta Boilscithe	1.75%	1.50%	1.50%

Leis an mbonn mortlaíochta atá á leanadh, is féidir dul chun cinn in ionchas saoil le himeacht ama a chur san áireamh; mar sin, braithfidh ionchas saoil ag dul ar scor ar an mbliain a shroichfidh ball aois scoir (65 bliana). Léiríonn an tábla thíos ionchas saoil na mball a shroichfidh aois 65 in 2017 agus in 2037.

	31/12/2017		31/12/2016	
Aois 65 sa bhliain	2017	2037	2016	2036
Ionchas saoil – fir	87.3	89.9	87.3	89.9
Ionchas saoil – mná	88.7	90.9	88.7	90.9

13. Nochtadh Idirbheartaíochtaí

Glacann Comhairle na hInstitiúide le nósanna imeachta de réir threoirlínte atá eisithe ag an Roinn Airgeadais maidir le leasana a nochtaíonn Comhaltaí na Comhairle agus chloígh Comhaltaí na Comhairle leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana. Níor léirigh aon Chomhalta de chuid na Comhairle leas.

14. Nochtadh Comhaltaí na Comhairle/Tuarastal an Chláraitheora, Táillí agus Costais

		Luach Saothair Iomláin 2017	Speansais Iomlána 2017	Luach Saothair Iomláin 2016	Speansais Iomlána 2016
Comhalta den Chomhairle		**€**	**€**	**€**	**€**
Dr Vincent Cunnane			928		1,285
Baill ceaptha ag Boird Rialaithe na gComhScoileanna					
An tOllamh Gerry Wrixon			460		665
An tOllamh Arthur Jaffe			1,228		942
An tOllamh Anders Ahlqvist			7,108		8,148
An tOllamh Werner Nahm					
An tOllamh Luke Drury					
An tOllamh Liam Breatnach					
Cláraitheoir					
Cecil Uasal Keaveney *	Scor Meitheamh 2017	48,226	100	97,906	
Dr. Eucharia Meehan *		62,566			
		110,792	9,824	97,906	11,040

*** Nóta**

Is tuarastal amháin a fhaigheann na Cláraitheoirí. Ní íoctar bónas ar bith leo. Ní sháraíonn teidlíochtaí scoir an Chláraitheora na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim eiseamláireach aoisliúntais ar leas sainithe na hearnála poiblí. Chuaigh an Cláraitheoir, an tUas. Cecil Keaveney ar scor i Meitheamh 2017. Fuair sé cnapshuim de €117,417.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais (ar lean)

15. Líon Fostaithe le Sochair í 2017 a thit idir €10,000 – €60,000

	2017	2016
€60,000 go €69,999	2	1
€70,000 go €79,999	7	7
€80,000 go €89,999	1	1
€90,000 go €99,999	0	2
€100,000 go €109,999	3	2
€110,000 go €119,999	0	0
€120,000 go €129,999	0	0
€130,000 go €139,999	7	6

16. Ranníocaíochtaí Pinsin Fostóra

Ranníocaíochtaí Fostóra í 2017 = €170,987

17. Ceangaltais Caipitil

Tá ceangaltais caipitil de €100,000 do 2018 nach bhfuil curtha ar fáil sna ráitis airgeadais.

18. Togra IMarl

Tá €2,951,071 (2016: €2,956,176) san áireamh i suimeanna iníoctha tograí i dtaca leis an dtogra Infreastruchtúir iMarl. Cuireadh an chéad phróiseas tairisceana i gcrích in 2017 ach tá an trealamh le seachadadh go luath in 2018. Tá dhá thairiscint bhreise do chaiteachas caipitil le cur i gcrích in 2018.

19. Breithiúnais nuair a a chuirtear Polasaithe Cuntasaíochta agus Príomhfhoinsí Meastacháin i bhFeidhm

Chun na ráitis airgeadais seo a ullmhú ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i gcionn ar chur i bhfeidhm na bpolasaithe agus na suimeanna tuairiscithe de shócmhainní agus dliteanais, ioncam agus speansais. Déantar measúnú leanúnach ar bhreithiúnais agus ar mheastacháin agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear ionchais d'eachtraí sa todhchaí a chreidtear a bheith réasúnta faoi na cúinsí.

Déanann an Institiúid meastacháin agus toimhdí i dtaca leis an todhchaí. Dá bhrí sin, is annamh a bheidh na meastacháin cuntasaíochta a tharlaíonn dá bharr ionann go hiomlán le torthaí ábhartha iarbhír. Maidir leis na meastacháin agus toimhdí a bhfuil riosca suntasach ina leith go mbeidh siad ina gcúis le leasú ábhartha a dhéanamh ar mhéid na sócmhainní agus na ndliteanas laistigh den bhliain airgeadais atá ag teacht, pléitear anseo thíos iad.

Saolta Úsáideacha de Shócmhainní Socair Inbhraite

Is cuid shuntasach d'iomlán na sócmhainní iad sócmhainní fadsaoil - Troscán agus Trealamh, Ríomhairí agus Mótarfheithiclí den chuid is mó. Braitheann an muirear dímheasa bliantúil go príomha ar an bhfad saoil measta atá ag gach cinéal sócmhainne agus, i gcúinsí áirithe, meastacháin ar luachanna iarmharacha. Déanann an Chomhairle athbhreithniú go rialta ar na saolta úsáideacha seo agus athraíonm siad iad más gá chun coinníollacha reatha a léiriú. Agus na saolta úsáideacha seo á gcinneadh déanann an bhainistíocht machnamh ar athrú teicneolaíoch, pátrúin tomhaltais, riocht fhisiciúil agus úsáid mheasta na sócmhainní. Féadfaigh athruithe sna saolta úsáideacha dul i bhfeidhm go suntasach ar an muirear díluachála don bhliain airgeadais.

19. Breithiúnais nuair a a chuirtear Polasaithe Cuntasaíochta agus Príomhfhoinsí Meastacháin i bhFeidhm (ar lean)

Foshuíomhanna Achtúireacha i dTaca le Scéimeanna Sochair Scoir le Sochar Sainithe

Déantar cur i bhfeidhm na bhfoshuíomhanna achtúireacha i dtaca le scéimeanna sochair scoir le sochar sainithe a chorpú sna ráitis airgeadais I gcomhéir le FRS 102. Agus FRS 102 á chur i bhfeidhm, glactar le comhairle ó achtúirí cáilithe neamhspleácha. Sa chomhthéacs seo, déantar breithiúnas suntasach i líon réimsí, lena n-áirítear athruithe sa todhchaí ar thuarastail agus boilsciú, rátaí báis agus rátaí lascaine a roghnú. Déantar sócmhainn le sochar sainithe a thaifeadadh atá ag teacht leis an dliteanas ar an bunús go bhfuil an dliteanas maoinithe ag an stát.

Soláthairtí

Déanann an Institiúid soláthairtí d'oibleagáidí dleathacha agus cruthaitheacha, arb eol di a bheith fós le híoc ag deireadh na tréimhse. I gcoitinne, déantar na soláthairtí seo bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, leasaithe do threochtaí le déanaí más cuí. Mar sin féin, is meastacháin iad ar chostais airgeadais eachtaí nach dtarlóidh le roinnt blianta, b'fhéidir. Mar thoradh air seo agus ar leibhéal na héiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, féadfaidh difríocht shuntasach a bheith idir an toradh agus an meastachán.

20. Ceadú Cuntais

Cheadaigh an Chomhairle na Ráitis Airgeadais ar an 25 Bealtaine 2018.

Dublin Institute for Advanced Studies
10 Burlington Road, Dublin 4
www.dias.ie